



An Clochán Liath:
Baile Seirbhíse Gaeltachta

Plean Teanga

Baile Seirbhíse Gaeltachta An Chlocháin Léith

Geimhreadh 2020

AN ENGLISH LANGUAGE SUMMARY OF THE PROPOSALS CAN BE FOUND ON PAGE 27.

Cinnfeacht
Comhairle | Tacaíocht | Treoir

 Údarás na Gaeltachta

S20

STRAITÉIS 20 BLAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

CLÁR

<u>1.</u>	<u>RÁITEAS ÓN CHOISTE STIÚRTHA</u>	<u>5</u>
<u>2.</u>	<u>GIORRÚCHÁIN</u>	<u>7</u>
<u>3.</u>	<u>CLÁR NA LÉARÁIDÍ.....</u>	<u>7</u>
<u>4.</u>	<u>ACHOIMRE FHEIDHMEACH</u>	<u>8</u>
<u>5.</u>	<u>CÚLRA AN PHRÓISIS PHLEANÁLA</u>	<u>9</u>
5.1	<u>STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 AGUS ACHT NA GAELTACHTA 2012</u>	<u>9</u>
5.2	<u>BAILE SEIRBHÍSE GAELTACHTA</u>	<u>9</u>
5.3	<u>PLEAN TEANGA NA ROSANN</u>	<u>11</u>
<u>6.</u>	<u>SONRAÍ NA CEANNEAGRAÍOCHTA</u>	<u>12</u>
6.1	<u>SONRAÍ AN CHOISTE PLEANÁLA TEANGA:.....</u>	<u>12</u>
<u>7.</u>	<u>LÉARGAS AR AN BHAILE SEIRBHÍSE GAELTACHTA</u>	<u>13</u>
7.1	<u>CUR SÍOS AR AN CHLOCHÁN LIATH.....</u>	<u>13</u>
7.2	<u>DAONRA.....</u>	<u>15</u>
<u>8.</u>	<u>FÍS AGUS MÓR-AIDHMEANNA</u>	<u>18</u>
8.1	<u>SPRIOC I DTAOBH NA GAEILGE AR AN BHAILE</u>	<u>18</u>
8.2	<u>ÁR NAIDHMEANNA TEANGA</u>	<u>18</u>
<u>9.</u>	<u>LÉARGAS AR ULLMHÚ AN PHLEAN</u>	<u>19</u>
9.1	<u>RÉAMHRA.....</u>	<u>19</u>
9.2	<u>FEASACT A ARDÚ</u>	<u>20</u>
9.3	<u>AN TAIGHDE.....</u>	<u>21</u>
9.3.1	<u>TAIGHDE Ó PHLEAN TEANGA LPT NA ROSANN.....</u>	<u>21</u>
9.3.2	<u>TAIGHDE TÁNAISTEACH EILE</u>	<u>21</u>
9.3.3	<u>COMHAIRLIÚCHÁN AR NA BEARTA</u>	<u>21</u>
<u>10</u>	<u>TAIGHDE</u>	<u>23</u>
10.1	<u>TAIGHDE Ó PHLEAN TEANGA LPT NA ROSANN</u>	<u>23</u>
10.2	<u>TAIGHDE TÁNAISTEACH EILE</u>	<u>27</u>
<u>11</u>	<u>BEARTA AN PHLEAN TEANGA</u>	<u>30</u>

11.1 ACHOIMRE AR NA BEARTA	30
11.2 SUMMARY OF THE MEASURES.....	36
<u>11.3 NA BEARTA SONRAITHE</u>	<u>42</u>
11.3.1 SEOLADH AN PHLEAN TEANGA.....	42
11.3.2 COISTE BSG: AN CLOCHÁN LIATH.....	43
11.3.3 OIFIGEACH PLEANÁLA TEANGA	44
11.3.4 ÁIT OIBRE	45
11.3.5 COMHOIBRIÚ LE LPT NA ROSANN	46
11.3.6 BUNACHAR SONRAÍ	47
11.3.7 EOLAIRE GNÓ AN CHLOCHÁIN LÉITH.....	48
11.3.8 GNÓ NA MÍOSA	49
11.3.9 CEARDLAINNA AR BHUNTÁISTE NA GAEILGE DON EARNÁIL GNÓ	50
11.3.10 SEIRBHÍS AISTRIÚCHÁIN SAOR IN AISCE.....	51
11.3.11 RANGANNA GAEILGE	52
11.3.12 LÓN Gnó	53
11.3.13 AN TAIRISCINT GHNÍOMHACH	55
11.3.14 PLEANANNA TEANGA DO GHNÓLACHTAÍ	56
11.3.15 COMHARTHÁÍOCHT AGUS FEICEÁLACHT NA GAEILGE	57
11.3.16 GAIRMEACHA LE GAEILGE.....	58
11.3.17 GRADAM GNÓ ÁTIÚIL	59
11.3.18 GRADAM GNÓ NÁSIÚNTA	60
11.3.19 TURASÓIREACHT	61
11.3.20 FEACHTAS FEASACHTA	62
11.3.21 SUÍOMH IDIRLÍN	64
11.3.22 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE ÁTIÚLA	65
11.3.23 FÓRAM PLEANÁLA TEANGA DHÚN NA NGALL	65
<u>11 COSTAIS.....</u>	<u>67</u>
<u>12 FEASACHT AGUS POIBLÍOCHT.....</u>	<u>70</u>
12.1 BRANDÁIL AGUS FÉINIÚLACHT A FHORBAIRT	70
12.2 SUÍOMH IDIRLÍN.....	71
12.3 LÁITHREACHT AR NA MEÁIN SHÓISIALTA	72
12.4 AGALLAIMH SNA MEÁIN	73
12.5 LITREACHTA	74
12.6 SEOLTAÍ AGUS ÓCÁIDÍ POIBLÍ.....	74
<u>13 FEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT</u>	<u>74</u>
13.1 RÓL NA CEANNEAGRAÍOCHTA	74
13.2 RÓL AN CHOISTE STIÚRTHA PLEANÁLA TEANGA	75
13.3 BAINISTIÚ AR AN OIFIGEACH PLEANÁLA TEANGA.....	75
13.4 ÉASCAITHEOIRÍ AGUS TACAÍOCHT SHEACHTRACH	75
13.5 ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL.....	76
13.6 CUR I GCRÍCH AN PHLEAN TEANGA	76
<u>14 FOINSÍ</u>	<u>77</u>

15 AGUISÍNÍ78

AGUISÍN A: ACHT NA GAELTACHTA 2012, CUID 9 AGUS 10	78
AGUISÍN B: CRITÉIR PLEANÁLA TEANGA DO BHAILTE SEIRBHÍSE GAELTACHTA	82
AGUISÍN C: NA PRÍOMHRÉIMSÍ PLEANÁLA TEANGA	83
AGUISÍN D: CUR I LÁTHAIR Ó OÍCHE EOLAIS 16 MEÁN FÓMHAIR 2019, IONAD THEAMPALL CRÓINE	84
AGUISÍN E: CUR I LÁTHAIR Ó NA CEARDLANNA LE GNÓLACHTAÍ, 13 EANÁIR 2020, IONAD THEAMPALL CRÓINE.....	88

1. Ráiteas ón Choiste Stiúrtha

Buíochas an Choiste

Is cúis mhór bróid agus áthais do Choiste Bhaile Seirbhíse Gaeltachta an Chlocháin Léith go bhfuil Plean Teanga BSG an Chlocháin Léith ullmhaitheanois. Is deas a bheith ag an staid seo den phróiseas pleanála teanga agus is cúis bróid é do mhuintir an Chlocháin Léith - go háirithe don lucht gnó - an deis seo a bheith acu aitheantas a bhaint amach mar BSG. Tugann muid moladh do thiomantas agus do dhionghálteacht bhaill Choiste Stiúrtha BSG an Chlocháin Léith mar go bhfuil obair mhór déanta acu le cúpla bliain anuas ó cuireadh túis leis an phróiseas.

Ba mhaith leis an choiste buíochas mór a thabhairt dóibh siúd a leanas:

- D'Fhorbairt na Rosann CTR, an eagraíocht phobail a roghnaíodh mar cheanneagraíocht.
- Don lucht gnó agus grúpaí pobail ar an Chlochán Liath atá ag déanamh obair mhaith leis an teanga a chur chun tosaigh.
- Na naónraí, na bunscoltacha agus Pobalscoil na Rosann, tá muid ag brath ar an ghlúin seo leis an Ghaeilge a chur chun tosaigh agus í a úsáid mar theanga chumarsáide sa limistéar.
- Comhlachtaí, lucht gnó, coistí pobail agus clubanna atá ag obair go díograiseach.
- Na meáin chumarsáide - RTÉ Raidió na Gaeltachta, Rosses Radio, nuachtlitir na paróiste agus na nuachtáin áitiúla.
- Údarás na Gaeltachta as ucht maoiniú a chur ar fáil dúinn leis an phlean teanga seo a ullmhú. Buíochas do Anna Uí Dhochartaigh agus Shéamas Ó Gallachóir, Rannóg Pleánála Teanga an Údaráis, bhí siad i gcónaí ar fáil le tacaíocht agus treoir a thabhairt dúinn.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh le buíochas ó chroí a thabhairt do phobal leitheadach An Chlocháin Léith as an tacaíocht fhial fhlaithiúil a fuair muid uathu, na daoine a tháinig chuig cruinnithe, grúpaí fócais agus a roinn a dtuairimí linn faoin Ghaeilge. Tá buíochas faoi leith ag dul dóibh siúd sa pharóiste gurb é Béal a gcéad teanga agus a bhfuair muid an-chomhoibriú uathu.

An Clochán Liath: Baile Seirbhíse Gaeltachta

A sincere word of thanks to those with English as their first language for their whole-hearted support and co-operation in compiling this language plan. Your enthusiasm and positive views expressed fills us with optimism going forward.

Ursula Ní Shabhaos, Taighdeoir agus Comhairleoir Pleanála Teanga.

Tá moladh mór tuillte ag Ursula Ní Shabhaos as an tacaíocht agus an chomhairle ghairmiúil a chuir sí ar fáil agus pleann teanga d'ardchaighdeán á scríobh aici dúinn agus as an réamhobair go léir a rinne sí agus pleann teanga á ullmhú don BSG. Tá an coiste faoi chomaoin mhór ag Ursula agus ár mbuúochas ó chroí léi as an diansaothar a chuir tú ort féin. Rinne do dhíograis agus do dhúthracht san obair thábhachtach seo ár ról sa phróiseas thar a bheith suimiúil agus ba mhór an phléisiúr dúinn a bheith ag comhoibriú leat.

Tá an coiste ag súil go mór leis an phlean teanga seo a chur i bhfeidhm agus muiníneach go rachaidh na moltaí atá ann chun tairbhe agus chun leasa na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge ar an Chlochán Liath agus don phobal ar a ndéanann sí freastal.

2. Giorrúcháin

CPT	Comhairleoír Pleanála Teanga
BSG	Baile Seirbhíse Gaeltachta
LPT	Limistéar Pleanála Teanga
OPT	Oifigeach Pleanála Teanga
RTCEGSM	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

3. Clár na léaráidí

Léaráid 5.1.1	Bailte Seirbhíse Gaeltachta
Léaráid 6.1.1	An coiste stiúrtha pleanála teanga
Léaráid 7.1.1	Léarscáil: Contae Dhún na nGall
Léaráid 7.1.2	Léarscáil: An Clochán Liath
Léaráid 7.2.1	Daonra an Chlocháin Léith
Léaráid 7.2.2	Rollú scoile an Chlocháin Léith
Léaráid 9.1.1	An próiseas pleanála teanga
Léaráid 11.1.1	Costais an phlean teanga

4. Achoimre fheidhmeach

Cuireadh tús leis an phróiseas pleanála teanga reatha in Éirinn faoi Acht na Gaeltachta 2012. De réir na reachtaíochta, tá pleananna teanga le hullmhú i limistéir phleanála teanga Ghaeltachta, bailte seirbhíse Gaeltachta agus líonraí Gaeilge.

Ceadaíodh plean teanga do Limistéar Pleanála Teanga na Rosann go luath in 2020. Tá An Clochán Liath suite istigh sa limistéar seo agus cuirtear an-chuid seirbhísí ar fáil do mhuintir an limistéir ar an bhaile. Mar sin, tá sé nádúrtha go bhfuil go leor trasnú idir an dhá phlean teanga agus go bhfuil i gceist ag an phlean teanga seo cur le plean teanga na Rosann, in áit toisceacht go húr agus bheith ag dúbailt na mbeart ceannann céanna.

Mar gheall ar líon na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an bhaile, tá bunús an phlean teanga seo thíos ar an earnáil ghnó agus ar na tacaíochtaí gur féidir a chur ar fáil leis an Ghaeilge a spreagadh. Is trí seo a spreagfar úsáid na Gaeilge ar an bhaile i measc iad siúd atá ina gcónaí ann agus iad siúd a thagann chuig An Clochán Liath le leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil.

Rinneadh an-chuid phríomh-thaighde le linn ullmhúchán phlean teanga LPT na Rosann agus beartaíodh nach raibh aon bhuntáiste ag baint le babhta eile príomh-thaighde a dhéanamh chomh luath ina dhiaidh sin. Baintear úsáid sa phlean teanga seo as an phríomh-thaighde a rinneadh don phlean teanga sin agus moltaí a d'eascair as an t-am sin. Chomh maith leis sin, tá taighde san áireamh anseo a dhíríonn isteach ar na buntáistí a bhaineann leis an Ghaeilge do ghnólachtaí.

Tá na bearta istigh anseo thíos ar thacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do ghnólachtaí ar an bhaile. Is láirionad eacnamaíochta don cheantar é An Clochán Liath agus trí thuilleadh deiseanna a thabhairt do dhaoine a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar an bhaile, is ea is mó Gaeilge a bheidh in úsáid ann ar bhonn laethúil.

5. Cúlra an Phróisis Phleanála

5.1 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus Acht na Gaeltachta 2012

Foilsíodh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 in 2010. Moladh, i measc bearta eile, sa straitéis 20 bliain go gcuirfí túis le próiseas na pleanála teanga, ag leibhéal an phobail, trí reachtaíocht nua a achtú.

Is é Acht na Gaeltachta 2012 an reachtaíocht a leagann síos struchtúr an phróisis pleanála teanga. Is san acht sin a leagtar amach na trí chomhthéacs éagsúla ina bhféadfaí tabhairt faoin phleanáil teanga le tacaíocht an stáit, mar atá:

- a) Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta
- b) Bailte Seirbhíse Gaeltachta
- c) Líonraí Gaeilge

5.2 Baile Seirbhíse Gaeltachta

I ndiaidh próiseas comhairliúcháin a reáchtáil an Roinn Ealaín, Oidhreachta agus Gaeltachta (mar a bhí) in 2014 socraíodh ar 16 baile a d'fheadfaí a bheith ainmnithe mar bhailte seirbhíse Gaeltachta de réir Alt 9 d'Acht na Gaeltachta 2012, 3 cinn atá lonnaithe taobh istigh den Ghaeltacht agus 13 eile atá lonnaithe lasmuigh di. Leis an aitheantas seo a bhaint amach tá pleananna teanga le bheith ullmhaithe agus aontaithe acu leis an phobal agus faofa ag an Aire cuí. Ní mór do phleananna teanga na critéir pleanála teanga agus na príomhréimsí pleanála teanga atá leagtha amach sna Treoiríntí Pleanála Teanga¹ a chomhlíonadh. Tá na critéir pleanála teanga ar fáil in Aguisín B agus tá na príomhréimsí pleanála teanga ar fáil in Aguisín C.

Leagtar amach na critéir do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta sna Treoiríntí Pleanála Teanga atá foilsithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge:

¹ Treoirínte Pleanála Teanga (Eagrán 5), 2019, Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge

An Clochán Liath: Baile Seirbhíse Gaeltachta

"Is éard atá i gceist leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta ná bailte atá suite i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nó taobh leo agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí, saoráidí áineasa, sóisialta agus tráchtála a sholáthar do na limistéir sin. Faoin Acht, caithfidh daonra de 1,000 duine ar a laghad a bheith i mbaile, de réir an daonáirimh is deireanaí, chun gur féidir é a áireamh mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Tá Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Bailte Seirbhíse Ghaeltachta, ag brath ar cibé acu an bhfuil an baile suite laistigh de Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó lasmuigh de."²

Seo a leanas na bailte a ainmníodh:

LÉARÁID 5.1.1: BAILTE SEIRBHÍSE GAELTACHTA

Contae	Baile
Dún na nGall	Leitir Ceanainn An Clochán Liath Baile Dhún na nGall
Maigh Eo	Béal an Mhuirthead Baile an Róba Caisleán an Bharraigh
Gaillimh	Cathair na Gaillimhe An Clochán
Ciarraí	Daingean Uí Chúis Trá Lí Cathair Saidhbhín
Corcaigh	Cathair Chorcaí Maigh Chromtha
Port Láirge	Dún Garbhán
An Mhí	Baile Átha Buí An Uaimh

² Treoirínte Pleanála Teanga (Eagrán 5), 2019, Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge, Ich 6

5.3 Plean Teanga na Rosann

Tá An Clochán Liath suite i LPT na Rosann. D'fhaomh an tAire Stáit don Ghaeltacht Seán Kyne, T.D. plean teanga LPT na Rosann ag túis 2020. Mar chuid den phlean teanga seo, tá bearta agus gníomhaíochtaí a chlúdaíonn na príomh-réimsí pleanála teanga agus na critéir pleanála teanga ar fad a chuimsíonn cúrsaí oideachais, teaghlaigh, na meáin chumarsáide agus go leor eile nach iad.

Mar gheall go mbeidh an plean teanga seo á fheidhmiú i mbaile An Chlocháin Léith, ní gá agus ní chóir dúbailt a dhéanamh ar an obair atá ar bun ag na coistí pleanála teanga sa cheantar, ach ba chóir deis a thapú comhoibriú le chéile nuair is féidir. Mar sin de, díreoidh an plean teanga seo don bhaile seirbhíse Gaeltachta isteach níos mó ar chúrsaí gnó agus ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge san ionad oibre a ardú. Tá tuilleadh eolais faoi aidhmeanna agus spriocanna an phlean teanga seo ar fáil i rannóg 8.

Tá tuilleadh eolais maidir le Plean Teanga na Rosann ar fáil ag:

www.leanailteanganarosann.com.

6. Sonraí na Ceanneagraíochta

Is é BSG: An Clochán Liath an coiste a bunaíodh le plean teanga a chur le chéile don Chlochán Liath mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.

6.1 Sonraí an Choiste Pleanála Teanga:

LÉARÁID 6.1.1: AN COISTE STIÚRTHA PLEANÁLA TEANGA

Ainm	Gairm
Anthea Atkinson	Úinéir teach lóistín, An Riverhouse
Eugene MacGairbhe	CLG an Chlocháin Léith
Jacqui Coyle	Bainisteoir AIB, An Clochán Liath
James Meehan	The Cope
Martina Rafferty	Bainisteoir, Óstán an Waterfront, An Clochán Liath
Roseanne Gallagher	Randox Teo., An Clochán Liath
Roseann Ní Ghallachóir	Bainisteoir CDP na Rosann
Máire Ní Chomhail	Príomhoide, Scoil Náisiúnta an Aingil Choimhéadaí, An Chéidigh
Helena Mhic Laifeartaigh	Bainisteoir Forbairt Na Rosann CTR., Ionad Theampall Cróine

7. Léargas ar an Bhaile Seirbhíse Gaeltachta

7.1 Cur síos ar An Chlochán Liath

Tá An Clochán Liath suite in iarthar Chontae Dhún na nGall, ar chósta an Atlantaigh. Tá an baile suite i LPT na Rosann. Cuireadh An Clochán Liath i gcatagóir C sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch a rinneadh in 2007.³ Ciallaíonn sé seo go labhraíonn níos lú ná 44% den daonra Gaeilge ar bhonn laethúil.

Tá tionscal na turasóireachta tábhachtach do bhoneagar an Chlochán Léith agus tá an baile féin ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Eagraítear Féile Idirnáisiúnta Mháire an Chlochán Léith⁴ go bliantúil agus mealltar na mílte duine chuig an bhaile do shiamsaíocht agus spraoi. Buaicphointe féilire í an fhéile ar An Chlochán Liath agus is mór an borradh a thugann an fhéile do chúrsaí eacnamaíochta an bhaile.

“Limistéir Ghaeiltachta Chatagóir C a chuimsíonn na toghranna a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge.”⁵

Tá mórán de na trí scór gnó ar an bhaile suite ar an phríomhshráid agus tá réimse mór seirbhísí ar fáil ar an bhaile féin. Is é seo a leanas an éagsúlacht gnóthaí atá lonnaithe ar an bhaile:

- Ollmhargaí, siopaí grósaeirí agus siopaí crua-earraí
- Búistéirí
- Gruagairí agus salóní áilleachta
- Cógaslanna
- Bialanna

³ Conchúr Ó Giollagáin, Seosamh Mac Donnacha, Fiona Ní Chualáin, Aoife Ní Shéaghda, Mary O'Brien, *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*, 2007, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Lch 512

⁴ <https://www.maryfromdungloe.ie/>

⁵ Conchúr Ó Giollagáin, Seosamh Mac Donnacha, Fiona Ní Chualáin, Aoife Ní Shéaghda, Mary O'Brien, *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*, 2007, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Lch 504

- Garáistí
- Stáisiúin artola
- Óstáin
- Tithe Tábhairne
- Fiaclóir
- Seirbhísí Eaglasta
- Bancanna
- Comhlacht Árachais


Tá liosta iomlán na gnólachtaí ar fáil ar shuíomh na Local Pages.⁶ Ina theannta seo tá roinnt gnólachtaí móra ar nós Randox Teo. agus Próiseáil (An Clochán Liath) Teo. atá ina bhfostóirí móra ar an bhaile agus tá eagraíochtaí forbartha phobail lárnach ar An Chlochán Liath forsta ar nós Forbairt na Rosann CTR. atá lonnaithe in Ionad Theampall Cróine agus CDP na Rosann CTR. atá díreach in aice leis.

Tá roinnt seirbhísí poiblí ar nós Ionad Seirbhísí Poiblí, FSE, Otharlann Pobail, Stáisiún Gardaí, bunscoil agus meánscoil ar fáil a fhreastalaíonn ar mhuintir an bhaile agus na ceantair máguaird.


⁶ <https://www.localbusinesspages.ie/area.asp?area=Dungloe&county=Donegal>

An Clochán Liath: Baile Seirbhise Gaeltachta

LÉARÁID 7.1.1: LÉARSCÁIL DE CHONTAE DHÚN NA NGALL



LÉARÁID 7.1.2: LÉARÁID DEN CHLOCHÁN LIATH



7.2 Daonra

Tá daonra de 1,164 ar An Chlochán Liath dar leis an daonáireamh is déanaí in 2016. I measc an 1,164 seo tá 5.32% a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras

An Clochán Liath: Baile Seirbhíse Gaeltachta

oideachais. Is íslíú é seo ar líon na ndaoine a bhí mar chainteoirí labhartha laethúla sa daonáireamh in 2011, a bhí ag 6.29%.⁷

Cé go bhfuil líon íseal cainteoirí laethúla ar an bhaile i láthair na huaire, freastalaíonn An Clochán Liath ar cuid mhór chainteoirí Gaeilge eile mar gheall ar na ceantair Ghaeltachta atá timpeall an bhaile. Baineann daoine ó an-chuid de na limistéir phleanála teanga Ghaeltachta i nDún na nGall leas as na seirbhísí agus as na gnólachtaí atá ar an bhaile. Mar sin, is fiú cuimhniú sa chás seo nach léiríonn na figiúirí ar chainteoirí i limistéar an bhaile thíos an scéal iomlán ó thaobh labhairt na Gaeilge ar an bhaile.

Léaráid 7.2.1: Daonra An Chlocháin Léith

	2016	2011	Difear
Cainteoirí Laethúla			
Cainteoirí Laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	5.32%	6.29%	-1.07%
Daonra			
Daonra iomlán	1,164	1,183	-19
Daonra iomlán 3 bliana d'aois agus os a chionn	1,125	1,145	-20
Daonra de réir cumas labhartha Gaeilge			
Líon na ndaoine le cumas labhartha Gaeilge	578	612	-34
Líon na ndaoine gan cumas labhartha Gaeilge	530	523	7
Daonra de réir minicíocht labhartha Gaeilge			
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais	56	70	-14
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh agus taobh istigh den chóras oideachais	4	2	2
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge taobh istigh den chóras oideachais amháin	128	159	-31
Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus anois agus arís taobh amuigh den chóras oideachais	2	8	-6
Labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais amháin	69	56	13

⁷ Daonáireamh 2016, An Phríomhoifig Staidrimh

An Clochán Liath: Baile Seirbhíse Gaeltachta

<i>Daonra an Limistéir de réir cumas labhartha Gaeilge</i>			
Daoine le cumas labhartha Gaeilge mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	50.18%	52.49%	-4.76%
Daoine gan cumas labhartha Gaeilge mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	48.24%	46.67%	0.79%
<i>Daonra an Limistéir de réir minicíocht labhartha Gaeilge</i>			
Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	4.41%	5.69%	-1.50%
Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	0.84%	0.97%	-0.16%
Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh den chóras oideachais amháin mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	12.42%	13.93%	-2.12%
Daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus anois agus arís taobh amuigh den chóras oideachais mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	0.33%	0.49%	-0.18%
Daoine a labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais amháin mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	5.60%	5.57%	0.24%

8. Fís agus Mór-aidhmeanna

8.1 Sprioc i dtaobh na Gaeilge ar an bhaile

Tá leagtha amach i rannóg 5 den phlean seo go bhfuil An Clochán Liath suite i LPT na Rosann. Tá impleachtaí aige seo do BSG: An Clochán Liath mar tá sé tábhachtach cinntiú gurb é an sprioc atá ag BSG: An Clochán Liath ná:

“An Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn i saol eacnamaíochta an bhaile trí ghnólachtaí, soláthróirí seirbhísí agus eagraíochtaí pobail ar an bhaile a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid le freastal ar phobal Gaeilge iarthuaisceart na condae.”

Chomh maith le LPT na Rosann, tá An Clochán Liath gar do limistéir pleanála teanga Ghaeltachta eile fosta, LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir agus LPT na Gaeltachta Láir ina measc. Beidh comhoibriú leis na limistéir seo le linn chur i bhfeidhm an phlean teanga agus teagháil leanúnach leis na hOPT sna limistéir siúd.

8.2 Ár nAidhmeanna Teanga

1. An Ghaeilge a bheith níos feiceálaí ar An Chlochán Liath
2. Tuilleadh seirbhísí a bheith ar fáil trí Ghaeilge ó ghnólachtaí ar an bhaile
3. Feasacht a ardú maidir leis na buntáistí a bhaineann leis an Ghaeilge don bhaile agus do ghnólachtaí
4. Úsáid na Gaeilge a éascú san earnáil ghnó trí thacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil
5. Muintir an bhaile agus cuairteoirí an bhaile a spreagadh le tuilleadh úsáide a bhaint as an Ghaeilge agus iad i mbun gnó ar an bhaile.

9 Léargas ar Ullmhú an Phlean


9.1 Réamhra

Chun stádas Gaeltachta a chaomhnú tá ar gach LPT/BSG próiseas na pleanála teanga a thionscain le cinntíú go n-ullmhófar pleán teanga ach ní féidir an cur chuige céanna a úsáid i ngach ceantar atá i mbun iarrachta teanga a neartú. Mar a deir Ní Dhúda,

“Tá gach cás éagsúil. Tá staid teanga faoi leith ag gach ceantar nó eagraíocht mar shampla. Beidh spriocanna teanga difriúla i gceist le gach ceann acu dá réir sin, cé go mbeidh na prionsabail agus na céimeanna céanna i gceist.”⁸

Tá réimse leathan de chritéir phleanála teanga (Aguisín B) leagtha síos gur gá a chomhlíonadh i dtaca le bailte seirbhíse Gaeltachta. D'aithin an coiste pleanála teanga go raibh an-chuid réimsí leathana arbh fhéidir a bheith ag díriú isteach orthu ach go mbeadh an-chuid dublайл ar an obair atá ar bun mar chuid de phlean teanga LPT na Rosann. Le cinntíú go mbeidh an pleán teanga seo ag cur agus ag tacú leis an obair atá ar siúl ag na limistéir phleanála teanga, rinneadh cinneadh díriú isteach go príomha ar chúrsaí gnó agus eacnamaíochta. Leis an phróiseas pleanála teanga a chur i gcrích go héifeachtach, leantar ceithre chéim mar a léiríonn Léaráid 9.1.1 thíos.

LÉARÁID 9.1.1 AN PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA



(Laoise Ní Dhúda, Roghanna, 2014, Ich 7)

⁸ Laoise Ní Dhúda, Roghanna, 2014, Ich 7

Mar sin de, cé go bhfuil bunphrionsabail sheasta ann atá comónta don phróiseas i gcoitinne, tá gá leis an phróiseas a chur i bhfeidhm ón bhun aníos le haitheantas cuí a thabhairt do riachtanais an cheantair sin ar leith. Nuair a bhí BSG: An Clochán Liath ag tabhairt faoin phróiseas pleanála teanga, socraíodh ar na céimeanna seo a leanas:

1. Taighde a rinneadh do phlean teanga LPT na Rosann agus foinsí tánaisteacha eile a úsáid le léargas a fháil ar an cheantar
2. Taighde tánaisteach a úsáid maidir le cúrsaí gnó agus an Ghaeilge le féidearthachtaí a fhiosrú leis na haidhmeanna sa phlean teanga a bhaint amach
3. Feachtas feasachta a reáchtáil le haird a dhíriú ar an phróiseas pleanála teanga agus ar an obair atá ar bun
4. Cruinniú eolais ar an phróiseas pleanála teanga
5. Ócайдí poiblí do ghnólachtaí ar na buntáistí a bhaineann leis an Ghaeilge do ghnólachtaí agus na féidearthachtaí atá ar fáil dóibh sa phlean teanga
6. Ceardlanna pleanála le coiste BSG: An Clochán Liath
7. Comhairliúchán poiblí ar an dréachtphelean teanga
8. Dréachtú an phlean teanga
9. Ag cur an phlean teanga faoi bhráid an Údaráis.

9.2 Feasacht a Ardú

Mar gheall go bhfuil An Clochán Liath suite i LPT na Rosann (tuilleadh eolais i rannóg 5), ba mhór an obair a bhí déanta cheana féin ar ardú feasachta an phobail ar an phróiseas pleanála teanga agus na buntáistí a bhaineann leis seo. Beartaíodh nár cheart aithris a dhéanamh ar an obair sin mar gheall gur tharla sé le déanaí.⁹

Cé gur ardaíodh feasacht ar an phróiseas pleanála teanga mar a bhain sé le limistéar pleanála teanga Gaeltachta, ní hionann sin agus a rá go raibh tuiscant ag pobal an bhaile ar cad is baile seirbhíse Gaeltachta ann agus cad é a bheadh i gceist leis sin don bhaile féin.

Mar sin, díródh fócas an fheachtais feasachta ar cad atá i gceist le baile seirbhíse Gaeltachta

⁹ Tá léargas ar an phróisis ullmhúcháin don phlean sin ar fáil ar shuíomh idirlín an choiste pleanála teanga. <https://pleanailteanganarosann.com/>

agus ar na deiseanna a thagann le stádas mar BSG don bhaile a léiriú don phobal. Tá tuilleadh léargais ar an fheachtas feasachta féin ar fáil i rannóg 12 den phlean seo.

9.3 An Taighde

Tá torthaí an phróisis taighde le feiceáil i rannóg 10 den phlean teanga seo.

9.3.1 Taighde ó Phlean Teanga LPT na Rosann

Is minic a dhéantar príomh-thaighde i bhfoirm suirbhéanna mar chuid den phróiseas pleánala teanga. Arís, mar gheall gur cuireadh túis leis an phróiseas pleánala don phlean teanga seo díreach i ndiaidh do Phleanáil Teanga na Rosann bail chríoch a chur ar an phlean teanga don LPT, rinneadh cinneadh nach raibh ciall le babhta eile suirbhéanna a bheadh thíos ar mhuintir an bhaile amháin. Bhí baol ann go mbeadh turise ar dhaoine mar gheall ar shuirbhéanna a líonadh isteach agus bhí an t-eolas a bailíodh do phlean teanga LPT na Rosann fós bailí.

Rinneadh cinneadh ag túis an phróisis pleánala don phlean teanga seo gur chóir díriú isteach go príomha ar an earnáil ghnó ar an bhaile, agus mar sin is ar an réimse sin atá na píosaí seo ó thaighde Phlean Teanga LPT na Rosann thíos.

9.3.2 Taighde tánaisteach eile

Le cois tarraigte ar thaighde Phlean Teanga LPT na Rosann baineadh úsáid as foinsí tánaisteacha ar thaighde eile a rinneadh ar an ábhar seo le déanaí. Tá liosta de na foinsí seo le feiceáil i rannóg 9.2.

9.3.3 Comhairliúchán ar na bearta

Rinneadh comhairliúchán le pobal An Chlocháin Léith le tuairimí a fháil ar na bearta atá sonraithe i gCaibidil 11 den phlean seo. Mar chuid den chomhairliúchán:

- Foilsíodh an dréacht-phlean teanga ar www.bsganclochanliath.com agus cuireadh fáilte roimh mholtaí agus tuairimí a roinnt
- Roinneadh eolas faoin chomhairliúchán ar líne ar na meáin shóisialta

- Rinneadh teagmháil dhíreach le gnólachtaí An Chlocháin Léith le ríomhphost agus ar an ghuthán
- Rinneadh agallamh ar Bharrscéalta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta le daoine a spreagadh le tuairimí a roinnt maidir leis an phlean teanga
- Scaipeadh póstaer agus fógraí ar fud an cheantair maidir leis an phlean teanga
- Cuireadh crua-chóipeanna den phlean teanga ar fáil don phobal in áiteanna poiblí ar An Chlochán Liath.

Bhí sé beartaithe ceardlanna a eagrú leis an phobal le tuilleadh plé a dhéanamh ar na bearta ach mar gheall ar na srianta a bhaineann le Covid-19 le linn 2020 ní raibh deis ann imeachtaí mar seo a éascú. Rinneadh teagmháil leis an phobal an oiread agus arbh fhéidir taobh istigh de na treoirínte agus motháitear gur tháinig a dhóthain aiseolais ar ais le tacú le bearta an phlean teanga.

Mar gheall ar na constaicí teagmhála seo, déanfar iarrachtaí cinntiú go bhfuil deiseanna leanúnacha ag gnólachtaí ionchur a bheith acu sa phlean teanga le linn an ama agus an pleán teanga á chur i bhfeidhm.

Le linn an chomhairliúcháin, tháinig aiseolas dearfach ar ais ó ghnólachtaí áitiúla maidir leis na bearta sa phlean teanga. Moladh na tacaíochtaí atá sa phlean agus cuireadh fáilte roimh an chomhairle a bheidh ar fáil mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean. Léiríodh beagánín imní mar gheall ar na dúshláin úra atá roimh ghnólachtaí mar gheall ar Covid-19 agus na srianta a tháinig leis seo ó thaobh chúrsaí acmhainní agus fuinnimh ag gnólachtaí, ach níor bhain an t-imní seo leis na bearta féin istigh sa phlean teanga.

10 Taighde

10.1 Taighde ó Phlean Teanga LPT na Rosann

Sa taighde do Phlean Teanga LPT na Rosann, rinneadh suirbhéanna leis an phobal le dearctaí a fhiosrú ar an Ghaeilge agus le tuairim a fháil ar cad a ba mhaith leo a fheiceáil i bp lean teanga.

Cuireadh ceist sa suirbhé ar cad é chomh minic a labhraítar Gaeilge in áiteanna éagsúla. Maidir le siopaí nó gnóthaí, dúirt 4.37% d'fhreagróirí go n-úsáideann siad í i gcónaí, 8.92% a dúirt go n-úsáideann siad í go minic, 14.64% a úsáideannanois is arís í, 17.1% a úsáideann go hannahm í agus 48.83% nach mbaineann úsáid aisti riamh. (Bhí 6.03% eile a dúirt nár bhain an cheist sin leo.)

Léiríonn léaráid 10.1.1 agus 10.1.2 na freagraí a tugadh nuair a cuireadh ceist ar cé chomh láidir agus a d'aontaigh siad le ráitis éagsúla.

LÉARÁID 10.1.1 FREAGRAÍ SUIRBHÉANNA

	AONTAÍM GO MÓR	AONTAÍM	NÍL FHIOS AGAM	EASAONTAÍM	EASAONTAÍM GO MÓR	TOTAL
▼ Is fearr liom a bheith ag labhairt Béarla ná Gaeilge	21.98% 353	33.31% 535	21.17% 340	19.05% 306	4.48% 72	1,606
▼ Tá sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa Ghaeltacht	62.95% 1,011	26.09% 419	8.84% 142	1.49% 24	0.62% 10	1,606
▼ Tá mé sásta feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge	27.52% 442	31.20% 501	25.03% 402	12.20% 196	4.05% 65	1,606
▼ Tá buntáistí faoi leith ag an cheantar seo mar gheall gur Gaeltacht é	29.39% 472	35.62% 572	25.97% 417	6.54% 105	2.49% 40	1,606
▼ Níl an Ghaeilge fóirsteanach don tsaoil nua-aimseartha	2.37% 38	6.35% 102	22.91% 368	37.48% 602	30.88% 496	1,606
▼ Ba choir do na gnólachtaí áitiúla daoine a bhfuil Gaeilge acu a fhostú	16.31% 262	35.12% 564	30.20% 485	14.69% 236	3.67% 59	1,606

LÉARÁID 10.1.2 FREAGRAÍ SUIRBHÉANNA

	AONTAÍM GO MÓR	AONTAÍM	NÍL FHIOS AGAM	EASAONTAÍM	EASAONTAÍM GO MÓR	TOTAL
Labhraím Gaeilge chomh minic agus a thig liom	16.94% 272	25.40% 408	15.50% 249	30.88% 496	11.27% 181	1,606
Amannaí mothairm go mbónn brú orm Béarla a labhairt	4.36% 70	12.76% 205	19.74% 317	37.73% 606	25.40% 408	1,606
Ba mhaith liom dá mbeadh ní ba mhó seansanna agam Gaeilge a úsáid	20.67% 332	38.23% 614	26.40% 424	10.46% 168	4.23% 68	1,606
Amannaí mothairm go mbónn brú orm Gaeilge a labhairt	2.18% 35	11.64% 187	18.62% 299	44.15% 709	23.41% 376	1,606
Tá mé sásta oibriú leis an phobal leis an Ghaeilge a neartú	19.74% 317	29.95% 481	32.13% 516	12.45% 200	5.73% 92	1,606

Seo thíos sliocht ó thuairisc taighde An Dochtúra Ben Uí Cheallaigh, a bhí mar

Chomhordaitheoir Pleanála Teanga do Phleanáil Teanga na Rosann:

"Is fíorbheag méid na Gaeilge a úsáidtear sa láthair oibre ar an drochuair – níor dhúirt ach 13% go n-úsáideann siad í i gcónaí nó go minic agus iad ag obair – i gcomórtas le 41% a dúirt na n-úsáideann siad a riamh í..."

... [Ta] gá le húsáid na Gaeilge i siopaí agus gnólachtaí sa LPT a mhéadú agus tugadh roinnt smaointe maithe fá na bealaí éagsúla ina bhféadfaí seo a dhéanamh – comharthaí a bheith ar dhoirse ag rá "labhraítear Gaeilge anseo", seirbhís aistriúcháin a bheith ar fáil chun cuidiú le comhlachtaí a gcomharthaíocht a dhéanamh go dátheangach, srl. Dúirt roinnt daoine gur chóir go mbeadh an "tairiscint ghníomhach" i bhfeidhm – .i. go mbeannódh freastalaithe/lucht oibre in oifigí, siopaí srl. do chustaiméirí trí Ghaeilge agus Béarla mar aon ionas go mbeadh an rogha ag daoine cén teanga ar mhaith leofa a úsáid ansin..."

larradh ar rannpháirtithe cé chomh mór is a d'aontaigh nó a d'easaontaigh agus mar is léir, ar an iomlán tá an chuma ar an scéal go bhfuil pobal an LPT an-tacúil don teanga agus do stádas Gaeltachta na háite.

Is díol suntais é gur mhaigh breis is 50% gur aontaigh nó gur aontaigh siad go láidir leis an ráiteas “is fearr liom Gaeilge a labhairt ná Béarla” agus nár easaontaigh ach 23%.

Aithnítear go bhfuil sé tábhachtach go mairfidh na teanga sa Ghaeltacht agus tuigtear go bhfuil buntáistí faoi leith ag LPTNR de thairbhe a stádas Gaeltachta.

Tá líon ard daoine sásta feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge (59%) – níor dhúirt ach 16% nach raibh. Déantar moltáí faoi seo i rannóg 6.6.

Síleann níos mó ná leath na bhfreagróirí gur chóir daoine le Gaeilge a fhostú i ngnólachtaí áitiúla (51%), ach tá céatadán ard go leor eile nach bhfuil cinnte faoi seo (30%).

Cosúil leis na stiúrthóirí naíonraí bhí na daoine atá ag plé le cúrsaí gnó agus trádála sa limistéar ag iaraidh go mbeadh seirbhís aistriúcháin ar fáil daofa go háitiúil. Chuideodh seirbhís den tsórt seo leofa chun comharthaíocht dhátheangach a chruthú agus chun biachláir, suíomhanna idirlín agus eile a chur ar fáil trí Ghaeilge...

Dúradh go bhfuil gá leis an ábhar turasóireachta ag Údarás na Gaeltachta a uasdátú. Shíl roinnt daoine gur chóir béim a chur ar na codanna de Shlí an Atlantaigh fhiáin atá sa Ghaeltacht mar cheantair faoi leith ina bhfuil luach agus oidhreacht cultúrtha nach bhfuil ar fáil taobh amuigh den Ghaeltacht.

Moladh go n-eagrófaí cúrsa/ranganna faoi leith sa limistéar ar ‘Gaeilge sa láthair oibre’ a thabharfadhbh sain-tearmaíocht do dhaoine agus a chuideodh leofa an ‘tairiscint ghníomhach’... a chur ar fáil.

Cosúil leis na tuismitheoirí/naíonraí, bhí siad ag iaraidh go mbeadh fáil éasca acu go háitiúil ar ábhar dátheangach a d’fheadfaí a úsáid i ngnó ar bith – comharthaí ‘leithris’, ‘íoc anseo’, ‘bealach amach’, srl.

Dúradh go mbeadh sé go maith pacáistí spraoi le scéalta, míreanna mearaí srl do pháistí a bheith ar fáil do lóistín an cheantair le tabhairt amach do theaghlaigh a fhanann leofa.

Cé go raibh na rannpháirtithe sa ghrúpa seo an-bháúil don teanga, shíl siad ar fad nach dtuigeann lucht gnó go ginearálta luach na teanga agus gurbh fhiú feachtas a reáchtáil leis sin a chur in iúl daofa. D’fheadfaí lucht gnó a úsáideann go leor Gaeilge a fáil ó Ghaillimh,

dúradh, chun cainteanna poiblí a dhéanamh d'úinéirí gnó le buntáiste na Gaeilge a mhíniú.”¹⁰

Is leir ón mhéid seo thus go bhfuil an-bháúlacht sa cheantar don teanga agus gur mhaith le daoine an deis a thapú tuilleadh Gaeilge a úsáid, ach na deiseanna a bheith ar fáil dóibh. Léirítéar sa taighde seo go bhfuil meascán de bhearta de dhíth, idir iad siúd a chruthóidh tuilleadh deiseanna labhartha do dhaoine agus iad siúd a chuvideoidh le daoine na buntáistí a bhaineann le húsáid na Gaeilge a fheiceáil, an lucht gnó go háirithe. Tá plean teanga na Rosann [ar fáil ar líne anseo.](#)

10.2 Taighde tánaisteach eile

Chomh maith leis an taighde seo ón obair a rinneadh do Phleanáil Teanga na Rosann, seo a leanas roinnt taighde eile a léiríonn na buntáistí a bhaineann leis an Ghaeilge do ghnólachtaí. Cuidíonn an taighde seo na bearta a dheardadh i rannóg 11 agus forsta, léiríonn sé cén fáth go mbeidh na bearta seo rathúil leis na haidhmeanna teanga atá leagtha amach i gcuid 8 den phlean teanga seo a bhaint amach.

Idir 2015 agus 2019, rinne Conradh na Gaeilge taighde i gcomhar le Kantar Millward Brown ar dhearcthaí an phobail i leith na Gaeilge. Foilsítear tuairisc bhliantúil ar ábhair éagsúla. I measc na dtorthaí a bhain leis an Ghaeilge agus gnó, bhí na torthaí seo a leanas:

- Tá an Ghaeilge aitheanta ag roinnt dhaoine mar ghnéithe uathúil díolacháin. Dúirt 42% de dhaoine a rinneadh suirbhé orthu go gcreideann siad gur gné uathúil díolacháin í an Ghaeilge agus ní raibh ach 28% a d'easaontaigh leis seo. Ó thuaidh, d'aontaigh 37% agus d'easaontaigh 32% ar an cheist céanna seo.
- Ó dheas, aontaíonn 53% de dhaoine agus easaontaíonn 22% gur féidir leis an Ghaeilge cur go dearfach le forbairt eacnamaíochta na hÉireann. Ó thuaidh, is iad na figiúirí ná 46% a aontaíonn agus 27% a easaontaíonn leis seo.
- Tá buntáistí bainteach leis an Ghaeilge do chúrsaí forstaíochta. Aontaíonn 47% de dhaoine agus easaontaíonn 26% gur buntáiste breise í (agus gach rud eile cothrom) an Ghaeilge agus duine ar lorg forstaíochta.

¹⁰ Ben Ó Ceallaigh, *Plean Teanga LPT na Rosann: Tortaí Taighde, 2019*, Pleanáil Teanga na Rosann

- Is maith le daoine lipéadú agus pacáistiú dáttheangach a fheiceáil ar tháirgí Éireannacha. Aontaíonn 63% de dhaoine agus easaontaíonn 10% gur chóir feachtas lipéadú dáttheangach i nGaeilge agus i mBéarla a spreagadh sa tír seo. Fosta, ó dheas, aontaíonn 41% gurbh fhéarr leo earra a cheannacht le pacáistiú dáttheangach i nGaeilge agus i mBéarla thar earra le Béarla amháin ar an phacáistiú. Ó thuaidh, aontaíonn 28% agus easaontaíonn 45%.
- Is féidir leas a bhaint as an teanga le cur le cúrsái turasóireachta festa. Ó dheas, aontaíonn 61% agus easaontaíonn 15% gur acmhainn uathúil í an Ghaeilge a chuireann go dearfach le forbairt turasóireachta ar an oileán seo.

In 2009 choimisiúnaigh Gaillimh le Gaeilge píosa taighde ar an bhuntáiste eacnamaíochta atá leis an Ghaeilge do chathair agus do chontae na Gaillimhe.¹¹ Seo a leanas cuid de na torthaí a tháinig chun solais:

- Is fiú breis agus €136 milliún í an Ghaeilge do Chathair agus Chontae na Gaillimhe -
- Cothaíonn úsáid na Gaeilge dea-thoil gan móran costais – tá an chuid is mó de mhuintir na hÉireann an-bháúil don Ghaeilge agus tá fonn orthu í a úsáid agus a thuigbheáil.
- Meallann an teanga custaiméirí úra, go háirithe i measc cainteoirí agus foghlaimeoirí – tá bunús custaiméara ar leith i nGaillimh, cuid mhór acu a roghnóidh comhlacht a bhaineann úsáid as an Ghaeilge thar ceann nach ndéanfaidh sin.

Choimisiúnaigh Foras na Gaeilge IPSOS MORI le taighde a dhéanamh ar luach na Gaeilge don earnáil phríobháideach in 2007.¹²

I measc na ndúshlán a bhí roimh ghnólachtaí agus iad ag iarraidh tuilleadh Gaeilge a úsáid sa ghnó, bhí na nithe seo a leanas:

- Easpa traenála foirmiúla
- Breis costais
- Easpa muiníne

¹¹ Bane Mullarkey Teo. i gcompháirtíocht le Jerome Casey & a Chomh. Teo, *Buntáistí geilleagracha na Gaeilge a fheictear i gCathair na Gaillimhe agus i nGaeiltacht na Gaillimhe*, 2009, Gaillimh le Gaeilge

¹² IPSOS MORI, *Luach na Gaeilge don Earnáil Phríobháideach*, 2007, Foras na Gaeilge

- Easpa Imeascadh – an gá le hidirghabháil luath
- Easpa Taithí – an riachtanas le haghaidh meantóireacht i ngnó trí Ghaeilge

Rinneadh roinnt moltaí sa tuairisc fostá, ina measc:

- Ag Gabháil an Zeitgeist – Deiseanna d'Úsáid breis Gaeilge i ngnó a aithint
- Ag Dreasú Úsáid na Gaeilge – Ag tacú le húsáid na Gaeilge i ngnó
- Feidhmiú a Thomhais – Úsáid na Gaeilge a mheas & a luacháil

Baintear úsáid as an eolas seo leis na bearta atá leagtha amach sa chéad rannóg eile a chur le chéile.

11 Bearta an Phlean Teanga

11.1 Achoimre ar na bearta

1. Seoladh an phlean teanga

Eagrófar ócáid phoiblí leis an phlean teanga a sheoladh go hoifigiúil ag túis tréimhse feidhmithe an phlean. Is deis ardú feasachta a bheidh ann le daoine a chur ar an eolas faoin obair atá ar bun agus dea-thoil a chothú i measc an phobail.

2. Ballraíocht an choiste pleanála teanga a leathnú agus a neartú

Beidh baill den cheanneagraíocht i mbun bainistíochta ar an OPT agus freagrach i gcomhar leis an choiste stiúrtha pleanála teanga as cur i bhfeidhm an phlean thar thréimhse seacht mbliana. Tá sé riachtanach, mar sin, go mbeidh réimse leathan saineolais agus spéiseanna ar fáil lena chinntiú gur féidir gach mír den phlean teanga a chlúdach agus cur go dearfach leis an mhéid sin. Chuige sin, déanfar pleanáil comhtháite agus athbhreithniú ar scileanna agus ar laigí an choiste le linn an ama lena chinntiú go mbeidh sé in ann feidhmiú go héifeachtach agus a bheith ionadaíoch ar an phobal ina iomlán, an pobal gnó go háirithe.

3. Oifigeach Pleanála Teanga a cheapadh

- Earcófar OPT leis na cáilíochtaí cuí – is é an duine seo is mó a bheas i bhfeighil chur i bhfeidhm an phlean agus ar an mhonatóireacht a dhéanfar air, le tacaíocht na ceanneagraíocha agus an coiste stiúrtha pleanála teanga.
- Spreagfar an tOPT le bheith ag comhoibriú le heagraíochtaí agus le bearta nua a mholadh bunaithe ar obair leanúnach mar chuid den phróiseas monatóireachta.
- Cuirfear oiliúint agus tacaíocht ar fáil don OPT de réir mar is cuí ag brath ar thaithí agus ar cháilíochtaí an duine a cheapfar.
- Beidh cruinnithe rialta (ar a laghad uair sa ráithe) idir an coiste stiúrtha pleanála teanga agus an tOPT chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean agus le pleanáil chun tosaigh a dhéanamh.

4. Áit oibre a réiteach don Oifigeach Pleanála Teanga

Socrófar áit oibre don OPT a cheapfar. Beidh gnáth-threalamh oifige agus nithe eile a bhaineann le gnáth-obair laethúil de dhíth. Fiosrófar áit oibre as punann maoine Forbairt na Rosann CTR mar gheall go bhfuil OPT LPT na Rosann lonnaithe ansin cheana féin atá ag feidhmiú plean teanga an LPT sin. Cinnteoidh seo go mbeidh an toradh is fearr ar phróiseas na pleanála teanga idir an LPT agus an BSG.

5. Comhoibriú le LPT na Rosann

Mar gheall go bhfuil an BSG suite i LPT na Rosann beidh comhoibriú idir na hOPT riachtanach le féidearthachtaí comhoibrithe idir feidhmiú an dá phlean teanga a phlé agus le dúbláil ar an obair a sheachaint.

6. Bunachar sonraí

Tá bunachar sonraí ag an choiste pleanála teanga i láthair na huaire de ghnólachtaí ar an Chlochán Liath. Déanfar an bunachar sonraí seo a fhorbairt agus a choinneáil suas chun dáta (ag cloí le dea-chleachtas RGCS) le teaghmáil a éascú le gnólachtaí maidir le himeachtaí nó foinsí tacaíochta atá ar fáil dóibh.

7. Eolaire Gnó an Chlocháin Léith

Cuirfear eolaire gnó le chéile don bhaile ina mbeidh eolas ar fáil ar na gnólachtaí ar fad a chuireann seirbhís ar fáil trí Ghaeilge. Cuirfear eolas in airde ar na seirbhísí atá ar fáil agus aon eolas eile atá de dhíth (mar shampla, más rud nach bhfuil seirbhís ar fáil ó gach fostáí nó más rud go mbeidh suaitheantais á gcaitheamh acu siúd atá in ann seirbhís a chur ar fáil srl.)

Déanfar an eolaire gnó seo a chur ar fáil don eolaire gnó náisiúnta atá ar fáil ag Peig.ie ó am go chéile.

8. Gnó na míosa

Bunaithe ar an eolaire gnó, roghnófar gnó gach mí le haitheantas ar leith a thabhairt mar gheall ar na hiarrachtaí a bheidh á ndéanamh ó thaobh na Gaeilge de. Déanfar poioblíocht ar na meáin shóisialta agus bronnnfar teastas ar an ghnó le deis an scéal a scaipeadh sna meáin srl. Ní hamháin go mbeidh an t-aitheantas seo ag dul do ghnólachtaí a

fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, ach beidh na gnólachtaí a dhéanann iarracht tuilleadh Gaeilge a úsáid sa ghnó san áireamh forsta.

9. Ceardlanna ar bhuntáiste na Gaeilge don earnáil ghnó

Eagrófar ceardlanna ar na buntáistí a bhaineann leis an Ghaeilge san earnáil ghnó.

Beidh na ceardlanna seo ar fáil go hinmheánach do ghnólachtaí agus eagrófar seisiúin oscailte don phobal ó am go chéile. Sna ceardlanna seo míneofar na buntáistí a bhaineann leis na Ghaeilge do ghnólachtaí agus cuirfear eolas praiticiúil ar fáil ar cad é mar is féidir tuilleadh Gaeilge a úsáid sa ghnó. Cuirfear acmhainní ar fáil le tacú le gnólachtaí é seo a dhéanamh.

10. Seirbhís aistriúcháin saor in aisce

Cuirfear an tseirbhís seo ar fáil i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge tríd an Scéim Tacaíochta Gnó le tacú le gnólachtaí ábhair phoiblíochta, comharthaíochta, pacáistiú/ lipéadú nó eile a chur ar fáil go dátheangach.

11. Ranganna Gaeilge

Tabharfar tacaíocht do ghnólachtaí ranganna Gaeilge a eagrú dá bhfostaithe. Thiocfaí ranganna Gaeilge a eagrú taobh istigh den eagraíocht ag am lón ná a leithid, ná thiocfaí scéim sparánachta a bhunú sa ghnó le tacú le fostaithe freastal ar ranganna Gaeilge ina gcuid ama féin, mar shampla na ranganna Gaeilge atá ar fáil in Ionad Theampall Cróine. Bheadh an cumasú teanga seo ina bhuntáiste do na gnólachtaí de bhrí go mbeadh na fostaithe seo in ann seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

12. Ciorcail chomhrá san áit oibre

Eagrófar ciorcail chomhrá in áiteanna oibre ar an bhaile le deis a thabhairt do chainteoirí ná d'fhoghlaimeoirí Gaeilge sa ghnó sin a gcuid Gaeilge a úsáid agus le haithne a chur ar na Gaeilgeoirí eile sa ghnó sin. Déanfar na ciorcail chomhrá seo a eagrú ag am lón ná ag am sosa eile agus rud deonach a bheadh i gceist.

Tabharfar tacaíocht agus treoir do ghnólachtaí le ciorcail chomhrá a bhunú agus a éascú san áit oibre.

13. An tairiscint ghníomhach

Nuair a dhéantar tairiscint ghníomhach bíonn a fhios ag custaiméir go bhfuil fáilte roimh an Ghaeilge gan cheist a chur nó seirbhís trí Ghaeilge a lorg. Déanfar seo trí chomharthaí, suaitheantais, póstaer, eolas ar áiteanna a bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil a phoiblíu srl.

14. Pleananna teanga do ghnólachtaí

Oibreoidh an tOPT le gnólachtaí le deiseanna a aithint do ghnólachtaí cur leis an Ghaeilge atá in úsáid acu agus tabharfar cuidiú agus tacaíocht dóibh bearta a chur i bhfeidhm laistigh den ghnó a thacaíonn le húsáid na Gaeilge m.sh. ranganna Gaeilge d'fhostaithe, comharthaíocht inmheánach nó seachtrach agus ceardlanna inmheánacha ar úsáid na Gaeilge.

15. Comharthaíocht agus feiceálacht na Gaeilge

Spreagfar gnólachtaí le leas a bhaint as Scéim Chomharthaíochta Údarás na Gaeltachta agus Scéim Thacaíochta Gnó ag Foras na Gaeilge le tacaíocht a fháil le comharthaíocht dhátheangach a dhéanamh agus a chur in airde. Ina theannta sin bainfear leas as buiséad na pleanála teanga chun comhoibriú leis na hOPT ar fud na Gaeltachta agus le hOPT Líonra Leitir Ceanainn le Scéim Thacaíochta Gnó a dhréachtú.

16. Gairmeacha le Gaeilge

Eagrófar feachtas leis an phobal (idir daltaí scoile agus an phobal i gcoitinne) a chur ar an eolas maidir leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil trí Ghaeilge. Eagrófar an feachtas seo sna scoileanna dara leibhéal agus taobh amuigh de na scoileanna fosta. Léireofar buntáiste na Gaeilge sa saol oibre, don lucht gnó agus na deiseanna atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil Gaeilge acu.

Bainfear úsáid as acmhainní ar nós ‘Do Ghairm le Gaeilge’ atá ar fáil ó Grad Ireland agus Foras na Gaeilge agus an Cheardlann Fostaíochta atá ar fáil ó Chonradh na Gaeilge. Déanfar é seo i gcomhar le hionadaithe ón earnáil ghnó a bhaineann úsáid as an Ghaeilge, le daoine atá ag obair in eagraíochtaí Gaeilge ar nós Údarás na Gaeltachta agus

daoine atá ag obair sna meáin chumarsáide trí mheán na Gaeilge ar nós Raidió na Gaeltachta.

17. Gradam gnó áitiúil

Tá Gradaim Ghnó le Gaeilge beartaithe mar chuid de Phlean Teanga na Rosann don Limistéar Pleanála Teanga. Déanfar comhoibriú ar na gradaim seo le cur leis an ócáid agus leis na gradaim féin. Déanfar ceiliúradh ar ghnólachtaí a bhaineann úsáid as an Ghaeilge.

18. Gradam gnó náisiúnta

Beidh gradaim áitiúla ar fáil do ghnólachtaí a bhaineann úsáid as an Ghaeilge ach tabharfaidh na gradaim náisiúnta deis do ghnólachtaí An Chlocháin Léith aitheantas a bhaint amach ag leibhéal náisiúnta.

19. Turasóireacht

Cuirfear tuilleadh eolais maidir le turasóireacht An Chlocháin Léith ar fáil in ábhair phoiblíochta agus cuirfear tacaíochtaí ar fáil do sholáthróirí turasóireachta, mar shampla:

- Ábhair phoiblíochta
- Comharthaí fáilte / frásáí beaga
- Eolas ar an Ghaeilge do thurasóirí

Beidh béim ar leith ar chomhoibriú le heagraí Fhéile Mháire An Chlocháin Léith mar gheall ar an ról lárnach atá ag an fhéile i dturasóireacht ar an bhaile.

20. Feachtas Feasachta

Beidh margaocht leanúnach de dhíth le pobal An Chlocháin Léith a chur ar an eolas faoi bhaile seirbhíse Gaeltachta agus cad iad na deiseanna a eascraíonn as sin. Tá sé riachtanach go mbeidh go leor eolais ar fáil maidir leis an phróiseas pleanála teanga le rannpháirteachas a spreagadh ar an bhaile. Mar chuid den mhargaiocht beidh na míreanna seo a leanas:

- Teagmháil leanúnach leis na meáin áitiúla
- Agallaimh tugtha ar mhíreanna an phlean teanga de réir mar is cuí
- Bileoga agus ábhar eile le scaipeadh maidir leis an obair atá ar siúl
- Eolas le roinnt ag ócайдí poiblí
- Cuntas ar na meáin shóisialta a nuashonrú go rialta
- Suíomh idirlín a nuashonrú go rialta (tuilleadh eolais i mbeart 18)
- Nuachtlitir rialta ar ríomhphost

21. Suíomh Idirlín

Tá suíomh idirlín ag BSG: An Clochán Liath (www.bsganclochanliath.com). Le linn an phróisis seo baineadh úsáid as an suíomh seo le heolas a roinnt maidir le hullmhú an phlean teanga.

Agus an plean teanga á chur i bhfeidhm, cuirfear an t-eolas seo a leanas ar an suíomh:

- Eolaire gnó do sheirbhísí trí Ghaeilge ar an Chlochán Liath
- Eolas maidir leis an phróiseas pleanála teanga agus an BSG
Dúshlán	Beidh scileanna teicniúla de dhíth leis an suíomh a uasdátú de réir mar is cuí.
Sárú an dúshláin	Ceapfar duine éigin leis na scileanna cuí leis na nuashonruithe seo a dhéanamh, bunaithe ar threoir ón OPT.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath na ngnéithe éagsúla ar fad den phlean seo agus sa mhonatóireacht a dhéanfar orthu sin.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Déanfar monatóireacht ar éifeacht an bhirt trí leas a bhaint as uirlisí ar nós Google Analytics le measúnú a dheánamh ar úsáid an tsuíomh.

11.3.22 Na meáin chumarsáide áitiúla

Beart 22	Nasc a chothú leis na meáin áitiúla
Réimsí an bhirt	G, K
Critéir phleanála teanga	12, 15
Aidhm an bhirt	Caidreamh a chothú leis na meáin áitiúla.
Eolas breise	Oibreoidh an tOPT agus an coiste stiúrtha pleanála teanga leis na meáin áitiúla chun bearta an phlean teanga a phoiblí agus na spriocanna atá sa phlean teanga a chur i láthair an phobail.
Páirtithe leasmhara	<ul style="list-style-type: none"> • OPT (príomhúinéir) • An coiste stiúrtha pleanála teanga • Na meáin áitiúla
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean. Beart 2 & 20
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i míreanna eile den phlean. Beart 2 & 20
Dúshlán	Brú ama an OPT.
Sárú an dúshláin	Cuideoidh an coiste stiúrtha pleanála teanga leis an bheart seo a chur i bhfeidhm.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an bheart seo ag leibhéal an choiste stiúrtha pleanála teanga uair sa ráithe.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Déanfar monatóireacht ar éifeacht an bhirt trí mheasúnú a dhéanamh ar an chlúdach a fhaightear sna meáin áitiúil maidir leis an phlean teanga agus imeachtaí a bhaineann leis an Ghaeilge.

11.3.23 Fóram Pleanála Teanga Dhún na nGall

Beart 23	Fóram Pleanála Teanga Dhún na nGall
Réimsí an bhirt	F, I, K
Critéir phleanála teanga	Na critéir uilig
Aidhm an bhirt	Rannpháirteachas i bhFóram Pleanála Teanga Dhún na nGall.

Eolas breise	Bunófar Fóram Pleanála Teanga Dhún na nGall le deis a thabhairt do na coistí stiúrtha pleanála teanga ar fad i Co. Dhún na nGall, idir LPT agus BSG, teacht le chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile agus deiseanna comhoibrithe a aithint.
Páirtithe leasmhara	<ul style="list-style-type: none"> • Na hoifigigh pleanála teanga • Na coistí stiúrtha pleanála teanga • Iomlán na mBSG i Co. Dhún na nGall • Glór na nGael • Coistí stiúrtha limistéir phleanála teanga Dhún na nGall • Comhairle Contae Dhún na nGall • Údarás na Gaeltachta • Foras na Gaeilge
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Clúdóidh tuarastal an OPT an costas a bhaineann leis an bheart seo
Costas measta in aghaidh na bliana	Clúdóidh tuarastal an OPT an costas a bhaineann leis an bheart seo
Dúshlán	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo
Sárú an dúshláin	N/bh
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath na ngnéithe éagsúla ar fad den phlean seo agus sa mhonatóireacht a dhéanfar orthu sin
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Déanfar monatóireacht ar éifeacht an bhirt trí mheasúnú a dhéanamh ar na deiseanna comhoibrithe a aithnítear i measc na gcoistí éagsúla.

11 Costais

Meastar go mbeidh €80,000 sa bhliain ar fáil leis an phlean teanga a chur i bhfeidhm mar chuid den phróiseas pleanála teanga. Tá na costais seo thíos go príomha ar an €80,000 seo a bheith ar fáil ach i gcásanna ina bhfuil níos mó ná sin luate leis na bearta ina ionlán, tá measta go gcuirfear iarratais mhaoinithe isteach leis na coistais bhereise seo a chlúdach nó trí urraíocht a lorg ó ghnólachtaí áitiúla srl.

Beart	Teideal	Mír Caiteachais	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7	Costas ionlán
1	Seoladh an phlean teanga	Poiblíocht, ócáid a reáchtáil	1,500.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	1,500.00
2	Ballraíocht an Choiste Pleanála Teanga	N/Bh	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00
3	Oifigeach pleanála teanga (opt) a cheapadh	Tuarastal	35,000.00	37,500.00	40,000.00	42,500.00	45,000.00	47,500.00	50,000.00	297,500.00
		Cáin @ 11%	3,850.00	4,125.00	4,400.00	4,675.00	4,950.00	5,225.00	5,500.00	32,725.00
		Pinsean @ 5%	1,750.00	1,875.00	2,000.00	2,125.00	2,250.00	2,375.00	2,500.00	14,875.00
		Taisteal agus Cothabhála	4,000.00	4,000.00	4,000.00	4,000.00	4,000.00	4,000.00	4,000.00	28,000.00
		Próiseas earcaíochta	1,000.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	1,000.00
		Costais Oiliúna	600.00	600.00	600.00	600.00	600.00	600.00	600.00	4,200.00
4	Áit oibre a réiteach don OPT	Oifig ar cíos	6,720.00	6,720.00	6,720.00	6,720.00	6,720.00	6,720.00	6,720.00	47,040.00
		Trealamh Oifige / Stáiseanóireacht	5,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	11,000.00
		Árachas	2,000.00	2,000.00	2,000.00	2,000.00	2,000.00	2,000.00	2,000.00	14,000.00
5	Comhoibriú le LPT na Rosann	N/Bh	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00
6	Bunachar sonraí	N/Bh	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00
7	Eolaire Gnó le Gaeilge Leitir Ceanainn	N/Bh	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00

8	Gnó na Míosa	Teastas, poiblíocht	600.00	600.00	600.00	600.00	600.00	600.00	600.00	4,200.00
9	Ceardlanna do Ghnólachtaí ar Bhuntáistí Breise na Gaeilge	Éascaitheoirí, cíos, acmhainní,	1,500.00	1,500.00	1,500.00	1,500.00	1,500.00	1,500.00	1,500.00	10,500.00
10	Seirbhís aistriúcháin saor in aisce	Fógraíocht	500.00	500.00	500.00	0.00	500.00	0.00	500.00	2,500.00
11	Ranganna Gaeilge	Múinteoirí a cheapadh	4,250.00	4,250.00	4,250.00	4,250.00	4,250.00	4,250.00	4,250.00	29,750.00
12	Lón Gnó	N/Bh	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00
13	An tairiscint ghníomhach	N/Bh	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00
14	Pleananna teanga do ghnólachtaí	N/Bh	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00
15	Comharthaíocht agus feiceállacht na Gaeilge	Comharthaíocht	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	7,000.00
16	Gairmeacha le Gaeilge	Éascaitheoirí ceardlanna, fógraíocht	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	7,000.00
17	Gradam Gnó Áitiúil	Ócáid a reáchtáil, poiblíocht, moltóirí na ngradam srl.	5,000.00	5,000.00	5,000.00	5,000.00	5,000.00	5,000.00	5,000.00	35,000.00
18	Gradam Gnó Náisiúnta	N/Bh	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00
19	Turasóireacht	Bileoga, fógraí, ábhar feasachta srl.	2,000.00	2,000.00	2,000.00	2,000.00	2,000.00	2,000.00	2,000.00	14,000.00
20	Margaíocht agus Poiblíocht	Bileoga, fógraí, ábhar feasachta srl.	5,000.00	3,000.00	3,000.00	3,000.00	3,000.00	3,000.00	3,000.00	23,000.00
21	Suíomh idirlín	Ainm Fearainn agus Óstáil	130.00	130.00	130.00	130.00	130.00	130.00	130.00	910.00

		Uasdátaithe agus athruithe	600.00	600.00	600.00	600.00	600.00	600.00	600.00	4,200.00
22	Na meáin chumarsáide áitiúla		0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00
23	Fóram Pleanála Teanga Dhún na nGall		0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00	0.00
Iomlán			83,000.00	76,800.00	80,300.00	82,700.00	86,100.00	88,500.00	91,900.00	589,900.00

12 Feasacht agus Poiblíocht

12.1 Brandáil agus Féiniúlacht a Fhorbairt

Agus an coiste stiúrtha pleanála teanga curtha le chéile, rinneadh an cinneadh gur chóir branda ar leith a chruthú don phróiseas pleanála teanga seo mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Forbraíodh branda ar leith do BSG An Chlocháin Léith le lógó, scéim hathanna agus clófhoireann ar leith le féiniúlacht ar leith a chruthú don ghrúpa. Ba mhaith le Coiste Pleanála Teanga BSG An Chlocháin Léith buíochas a ghabháil le Evelyn Cagney ó Pet Lamb Designs a rinne an obair ar an phacáiste brandála dúinn. Seo thíos samplaí den obair seo:

BRAND OVERVIEW

LOGO ICONS

Colour – for social media Black Reversed / White

COLOUR PALETTE

SHAMROCK c69 m8 y85 k0 r87 g174 b93 HEX #57AE5D	SPRING c42 m0 y49 k0 r152 g208 b158 HEX #98D09E	ATLANTIC c93 m59 y24 k5 r9 g99 b144 HEX #096390	JADE c68 m0 y44 k0 r64 g189 b167 HEX #40BDA7	MOSS c95 m37 y100 k0 r0 g127 b72 HEX #007F48
--	--	--	---	---



12.2 Suíomh Idirlín

Le suíomh idirlín BSG: An Chlochán Liath cruthaíodh lár-phointe eolais don phróiseas pleanála teanga – áit amháin le gach eolas ar chúlra, spriocanna agus ar dhul chun cinn na hoibre. Suíomh iomlán dátheangach atá sa suíomh seo le cinntiú go bhfuil sé curtha in oiriúint don phobal ar fad, cibé cumas Gaeilge atá acu.

Cuirtear míreanna nuachta in airde ina mbíonn eolas maidir leis an choiste féin agus tá sonraí teagmhála ar fáil.

Amach anseo agus mar chuid den phlean teanga, bainfear úsáid as an suíomh seo le heolaire gnó a forbairt ar an bhaile, le tuilleadh eolais a chur ar fáil maidir le buntáistí na Gaeilge agus coinneofar an pobal ar an eolas maidir le forbairtí eile ó thaobh na pleanála teanga de.

Tá rogha ar fáil ar an suíomh le síntiús a ghlacadh do nuachtlitir BSG: An Clochán Liath. Leis seo, is féidir leis an Choiste teagmhálaíthe úra a bhailiú le linn an ama agus beidh bealach furasta le teagmháil a dhéanamh leo amach anseo mar gheall ar an nuachtlitir. Bíonn deiseanna ag daoine clárú don nuachtlitir fosta ag ócайдí de chuid BSG: An Clochán Liath.

Is féidir an suíomh a fheiceáil ar www.bsganclochanliath.com.




12.3 Láithreacht ar na Meáin Shóisialta

Le teagmháil níos leanúnaí agus níos neamhfhoirméálta a dhéanamh leis an phobal rinneadh cinneadh cuntais a oscailt ar na meáin shóisialta. Tá lucht leanúna na gcuntas ag méadú le linn an ama agus beidh sé mar sprioc amach anseo an obair phleanála teanga a phoiblíú ar na hardáin seo agus le teagmháil rialta a dhéanamh leis an phobal.

Baintear úsáid as an stíl brandála céanna ar gach rud ar na meáin shóisialta le haitheantas a ardú i measc an lucht féachanna. Fosta, baintear úsáid as fógraíocht íoctha ar líne ó am go chéile (ar Facebook, go príomha) le poiblíocht ar leith a dhéanamh ar ócайдí atá ag tarlú.


FACEBOOK:



TWITTER:



INSTAGRAM:



12.4 Agallaimh sna Meáin

Go rialta le linn an phróisis rinneadh agallaimh leis na meáin ar Raidió na Gaeltachta agus ar Highland Radio maidir leis an obair atá ar bun, imeachtaí atá ag tarlú agus na spriocanna atá ag an Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga. Leanfar leis an obair seo le linn chur i bhfeidhm an phlean teanga.

12.5 Litreacha

Ag túis an phróisis cuireadh litreacha chuig breis agus seachtó grúpa ar an bhaile chun iad a chur ar an eolas maidir leis an phróiseas úr agus le cuireadh a thabhairt dóibh chuig oíche eolais do BSG: An Chlochán Liath a bhí ar siúl ar an 16 Meán Fómhair 2019 in Ionad Theampall Cróine, An Clochán Liath.

12.6 Seoltaí agus ócайдí poiblí

Le linn an phróisis pleanála teanga, eagraíodh cruinnithe poiblí leis an phobal a chur ar an eolas maidir leis an phróiseas pleanála teanga agus le deis a thabhairt do dhaoine ionchur a bheith acu ann.

Ar an 16 Meán Fómhair 2019 reáchtáladh oíche eolais in Ionad Theampall Cróine ar an phróiseas pleanála teanga faoin bhaile seirbhíse Gaeltachta. Ag an ócайд phoiblí seo, seoladh an branda úr don choiste pleanála teanga (deartha ag Pet Lamb Designs) agus seoladh an suíomh (www.bsganclochanliath.com) agus na cuntas meáin shóisialta úra a cruthaíodh fost. Míníodh an próiseas pleanála don lucht féachana agus na difríochtaí a bhí idir baile seirbhíse Gaeltachta agus limistéar pleanála teanga. Tá an cur i láthair ón chruinniu seo ar fáil in Aguisín D.

Ar an 13 Eanáir 2020, eagraíodh sraith ceardlann do ghnólachtaí ar an bhaile le tuairimí a fháil uathu. Bhí dhá mhór-sprioc i gceist leis na ceardlanna seo .i. buntáistí na Gaeilge do ghnólachtaí a léiriú agus na tuairimí a bhí ag na daoine seo ó thaobh tacaíochtaí de a fháil. Tá an cur i láthair ón na cruinnithe seo ar fáil in Aguisín E.

13 Feidhmiú agus monatóireacht

13.1 Ról na ceanneagraíochta

Beidh an cheanneagraíocht freagrach as maoirsíú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean teanga. Is í an cheanneagraíocht a bheidh mar fhostóir ag an OPT leis an phlean teanga a chur i bhfeidhm. Beidh bainisteoir na ceanneagraíochta seo mar bhainisteoir ar an OPT (cé

go mbeidh ionchur ag an choiste stiúrtha pleanála teanga maidir le clár oibre an fhostaí, féach thíos). Beidh dualgais ar an cheanneagraíocht i dtaca le cúrsaí acmhainní daonna, cúrsaí airgeadais agus riarrachán le linn chur i bhfeidhm an phlean teanga.

13.2 Ról an choiste stiúrtha pleanála teanga

Is é an coiste stiúrtha pleanála a bheidh freagrach as cinntíú go bhfuil ionchur leanúnach ón phobal ann i gcur i bhfeidhm an phlean teanga agus le tacaíocht a thabhairt don OPT ar na gníomhaíochtaí atá de dhíth leis an phlean teanga a chur i bhfeidhm. Eagrófar cruinniú míosúil den choiste stiúrtha le hionadaí ón cheanneagraíocht agus leis an OPT.

Is é an cheanneagraíocht i gcomhar leis an coiste stiúrtha agus Údarás na Gaeltachta a leagfaidh amach plean oibre an fhostaí.

13.3 Bainistiú ar an oifigeach pleanála teanga

Beidh an cheanneagraíocht freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an OPT. Leis seo a dhéanamh indéanta ar bhonn laethúil, beidh bainisteoir na ceanneagraíochta mar bhainisteoir líne an oifigigh, príomhphointe teaghmála agus tacaíochta. Tríd an ról seo, déanfar monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn na hoibre, agus ar bhonn míosúil tabharfar tuairisc chuig an choiste ar an obair reatha agus ar na pleananna chun tosaigh.

13.4 Éascaitheoirí agus tacaíocht sheachtrach

Mura mbíonn ach duine amháin fostaithe le plean teanga an BSG: An Clochán Liath a chur i bhfeidhm, beidh géarghá le tacaíocht a thabhairt isteach ó áiteanna eile, go háirithe maidir le cúrsaí ina bhfuil saineolas ar leith de dhíth. Mar shampla, lorgfar seirbhís ó dhuine éigin le nuashonruithe agus athruithe a dhéanamh ar an tsuíomh gréasáin. Chomh maith leis sin, bainfear úsáid as éascaitheoirí seachtracha le ceardlanna a sholáthar, le hócáidí ar leith a reáchtáil (aoichainteoirí ar cheardlanna gnó, mar shampla). Socrófar conarthaí idir an cheanneagraíocht agus na héascaitheoirí seo agus beidh siad faoi stiúir agus freagrach don OPT.

13.5 Athbhreithniú bliantúil

Scríobhfar tuairisc bhliantúil ar dhul chun cinn an phlean teanga a chuirfear i láthair ag cruinniú cinn bhliana den choiste stiúrtha pleanála teanga. Beidh ról ag an OPT, an bainisteoir líne agus ag baill an choiste an tuairisc seo a chur le chéile. Clúdófar na míreanna oibre ar fad atá istigh sa phlean. Déanfar measúnú ag leibhéal an choiste ag na cruinnithe míosúla agus ag an chruinniú cinn bhliana ar chur i bhfeidhm an phlean teanga agus iniúchadh ar chaiteachas na tréimhse sin.

Chomh maith leis sin, beidh monatóireacht leanúnach á dhéanamh ar bhearta an phlean teanga trí thuairisciú le hÚdarás na Gaeltachta. Mar chuid de seo beidh anailís déanta ar dhul chun cinn na mbeart agus tuairiscí ar chúrsaí airgeadais fostá. Sa bhealach seo, aithneófar deacrachartaí nó dushláin agus beidh deiseanna bearta a chur in oiriúint de réir mar is cuí le haidhmeanna an phlean teanga a fhíorú.

13.6 Cur i gcrích an phlean teanga

Agus deireadh ag teacht le tréimhse seacht mbliana an phlean teanga, déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar fheidhmiú an phlean teanga agus déanfar an taighde cuí le hullmhú i dtreo plean teanga eile a chur le chéile don Chlochán Liath. Glacfar na céimeanna seo i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus trí chomhoibriú le bailte seirbhíse Gaeltachta eile más cuí.

- Acht na Gaeltachta 2012
- Bane Mullarkey Teo. i gcomhpháirtíocht le Jerome Casey & a Chomh. Teo, *Buntáistí geilleagracha na Gaeilge a fheictear i gCathair na Gaillimhe agus i nGaeltacht na Gaillimhe*, 2009, Gaillimh le Gaeilge
- Conchúr Ó Giollagáin Seosamh Mac Donnacha Fiona Ní Chualáin Aoife Ní Shéaghhdha Mary O'Brien, *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*, 2007, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- IPSOS MORI, *Luach na Gaeilge don Earnáil Phríobháideach*, 2007, Foras na Gaeilge
- Ní Dhúda, L., Roghanna, Glór na nGael, 2014
- Ní Shabhaois, U., & Mhig Uidhir, S., *Céard é an Scéal? Dearctaí an Phobail i leith na Gaeilge*, Conradh na Gaeilge 2015 - 2018
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Shéaghhdha, A., Ní Chualáin, F. & O' Brien, M., 2007. Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann, Straitéis 20 Bliaín don Ghaeilge 2010 - 2030
- Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Treoiríntí Pleanála Teanga, Eagrán 5, 2019

SUÍOMHANNA IDIRLÍN

- An Phríomh-Oifig Staidrimh (ar-líne) www.cso.ie
- Foras na Gaeilge, www.forasnagaeilge.ie
- Mary from Dungloe Festival, <https://www.maryfromdungloe.ie/>
- Pleanáil Teanga na Rosann, <https://pleanailteanganarosann.com/>
- Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, www.chg.gov.ie
- Údarás na Gaeltachta, www.udaras.ie

15 Aguisíní

Aguisín A: Acht na Gaeltachta 2012, Cuid 9 agus 10

9.—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, baile sonraithe a ainmniú chun bheith ina Bhaile Seirbhísé Gaeltachta de réir an ailt seo, i gcás go bhfuil an baile lena mbaineann suite i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, nó tadhach leis, má tá na nithe seo a leanas ar fáil sa bhaile sin—

- (a) seirbhísí poiblí le haghaidh an Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, agus
- (b) saoráidí sóisialta, áineasa agus tráchtála a théann chun tairbhe don Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta.

(2) Foilseoidh an tAire fógra, i cibé foirm agus modh is cuí leis an Aire, i dtaobh é a bheith ar intinn ag an Aire baile a ainmniú chun bheith ina Bhaile Seirbhísé Gaeltachta agus áireoidh sé nó sí san fhógra—

- (a) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar pleán Gaeilge dá dtagraítear i bhfo-alt (7) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, agus
- (b) aon fhaisnéis eile is dóigh leis an Aire is gá chun críocha an ailt seo.

(3) Féadfaidh eagraíocht atá bunaithe sa bhaile lena mbaineann iarratas a dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta nó chuig Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, chun bheith ina heagraíocht arna roghnú faoi fho-alt (5) nó (6).

(4) I gcás nach ndéanfaidh aon eagraíocht iarratas faoi fho-alt (3), féadfaidh an tAire fógra eile a fhoilsiú faoi fho-alt (2) i ndáil leis an mbaile lena mbaineann.

(5) Déanfaidh Údarás na Gaeltachta, i gcás go bhfuil an baile lena mbaineann suite i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta agus go bhfuil sé ina ábhar d'fhógra faoi fho-alt (2), eagraíocht a roghnú a rinne iarratas faoi fho-alt (3) agus arb í, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, an eagraíocht is cumasaí chun pleán a ullmhú arb é is cuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaeilge i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an bhaile lena mbaineann (dá ngairtear "pleán Gaeilge" san alt seo) agus an céanna a spreagadh, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú in iúl don eagraíocht sin i scríbhinn.

- (6) Déanfaidh Foras na Gaeilge, i gcás go bhfuil an baile lena mbaineann suite in áit seachas Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta agus go bhfuil sé ina ábhar d'fhógra faoi fho-alt (2), eagraíocht a roghnú a mbeidh iarratas déanta aici faoi fho-alt (3), agus arb í an eagraíocht is cumasaí, i dtuairim Fhoras na Gaeilge, chun pleán Gaeilge a ullmhú, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú in iúl don eagraíocht sin i scríbhinn.
- (7) Ullmhóidh an eagraíocht lena mbaineann pleán Gaeilge i leith an bhaile lena mbaineann agus cuirfidh sí an pleán faoi bhráid an Aire lena cheadú.
- (8) Cuideoidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, leis an eagraíocht lena mbaineann maidir leis an bpleán Gaeilge lena mbaineann a ullmhú.
- (9) Féadfaidh an tAire, más cuí leis an Aire déanamh amhlaidh, an tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra a fhoilseofar faoi fho-alt (2) a fhadú, is tréimhse ar laistigh di a dhéanfar an pleán Gaeilge lena mbaineann a chur faoi bhráid an Aire.
- (10) I gcás nach ndéanfaidh an eagraíocht a roghnófar faoi fhoalt (5) nó (6) an pleán Gaeilge lena mbaineann a chur faoi bhráid an Aire laistigh den tréimhse dá dtagraítear san fhógra a fhoilseofar faoi fho-alt (2) nó laistigh d'aon fhadú ar an tréimhse sin faoi fho-alt (9), agus gurb é tuairim an Aire nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann gur féidir leis an eagraíocht pleán den sórt sin a chur faoina bhráid nó faoina bráid laistigh de thréimhse ama réasúnach, féadfaidh an tAire— (a) a iarraidh ar Údarás na Gaeltachta nó ar Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí, eagraíocht eile a rinne iarratas faoi fho-alt (3) a roghnú chun an pleán Gaeilge lena mbaineann a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire le linn na tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra a fhoilseofar faoi fho-alt (2) nó le linn aon fhadú ar an tréimhse sin faoi fho-alt (9) agus fógra i scríbhinn a thabhairt don eagraíocht sin faoin roghnú, nó (b) fógra eile a fhoilsíú faoi fho-alt (2) i ndáil leis an mbaile lena mbaineann.
- (11) I gcás go ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, an pleán Gaeilge arna chur faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú, déanfaidh an tAire ordú faoi fhoalt (1) i ndáil leis an mbaile lena mbaineann.
- (12) I gcás nach ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, pleán Gaeilge arna chur faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú, féadfaidh an tAire an tréimhse lena mbaineann a fhadú chun a cheadú don eagraíocht lena mbaineann an pleán Gaeilge a leasú agus a athchur faoina bhráid nó faoina bráid.

(13) I gcás nach ndéanfaidh an tAire, ag féachaint do chritéir pleanála teanga fhorordaithe, pleán Gaeilge arna chur faoina bhráid nó faoina bráid a cheadú, agus gurb é tuairim an Aire nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann gur féidir leis an eagraíocht pleán den sórt sin a chur faoina bhráid nó faoina bráid laistigh de thréimhse ama réasúnach, féadfaidh an tAire— (a) a iarraidh ar Údarás na Gaeltachta nó ar Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí, cuireadh a thabhairt d'eagraíocht eile a mbeidh iarratas ar roghnú déanta aici faoi fho-alt (3) an pleán Gaeilge lena mbaineann a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire le linn na tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra a fhoilseofar faoi fho-alt (2) agus fógra i scríbhinn a thabhairt don eagraíocht sin faoin roghnú, nó (b) fógra eile a fhoiliú faoi fho-alt (2) i ndáil leis an mbaile lena mbaineann.

(14) I gcás go ndéanfaidh an tAire tréimhse a fhadú faoi fho-alt (9) nó (12), beidh feidhm ag forálacha an ailt seo, fairis na modhnuithe is gá, maidir leis an tréimhse fhadaithe.

(15) I gcás go ndéanfaidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge eagraíocht a roghnú tar éis dó iarraidh a fháil faoi fho-alt (10)(a) nó (13)(a), beidh feidhm ag forálacha an ailt seo, fairis na modhnuithe is gá, i ndáil leis an eagraíocht sin.

10.—

(1) I gcás ina ndéanfaidh an tAire le hordú faoi alt 9(1) baile a ainmniú chun bheith ina Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, beidh an eagraíocht a roghnófar faoi alt 9(5), (6), (10)(a) nó (13)(a) freagrach as an bplean Gaeilge a chur i ngníomh tar éis don Aire é a cheadú faoi alt 9(11).

(2) Is é a chuvideoidh leis an eagraíocht lena mbaineann maidir leis an bplean Gaeilge a chur i ngníomh— (a) i gcás go bhfuil an baile lena mbaineann suite i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó i Limistéar Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, nó (b) i gcás go bhfuil an baile suite in áit eile, Foras na Gaeilge.

(3) Déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis an bplean Gaeilge arna cheadú faoi alt 9(11) a chur i ngníomh, i gceann cibé eatraimh is dóigh leis an Aire is gá nó is cuí chun an pleán lena mbaineann a chur i ngníomh.

(4) Más rud é, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh faoi fho-alt (3), go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta nó le Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, nach bhfuil an pleán lena mbaineann á chur i ngníomh nó nach bhfuil sé á chur i ngníomh go leordhóthanach, cuirfidh an tAire na nithe seo a leanas in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don

eagraíocht lena mbaineann— (a) na heasnaimh arna sainaithint ag an Aire ar chur i ngníomh an phlean, agus (b) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh a leigheas.

(5) Féadfaidh an tAire, i gcás gur cuí leis an Aire déanamh amhlaidh, an tréimhse a fhadú ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh dá dtagraítear san fhógra faoi fho-alt (4) a leigheas.

(6) I gcás go mbeidh fógra faoi fho-alt (4) seolta ag an Aire, déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis na heasnaimh dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt sin a leigheas i ndeireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin nó i ndeireadh aon fhadú ar an tréimhse sin faoi fhoalt (5).

(7) I gcás go measfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta nó le Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar an plean Gaeilge lena mbaineann a chur i ngníomh nó a chur i ngníomh go leordhóthanach, féadfaidh an tAire, le hordú, ainmniú an bhaile lena mbaineann mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a chúlghairm le héifeacht ón dáta a shonrófar san ordú.

(8) Ní choiscfear le hordú faoi fho-alt (7) ar an Aire a chumhactaí nó a cumhactaí a fheidhmiú faoi alt 9.

Aguisín B: Critéir Pleanála Teanga do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta

1. Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta nó ag Foras na Gaeilge, de réir mar a bheidh, faoi fho-alt (5), (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 9 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa bhaile iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa bhaile iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an mbaile iomchuí.
3. Na socruthe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa bhaile iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa bhaile iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa bhaile iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa bhaile iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúram leanáí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena náirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa bhaile iomchuí.
8. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa bhaile iomchuí.
9. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa bhaile iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
10. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa bhaile iomchuí.
11. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge san earnáil ghnó sa bhaile iomchuí.
12. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa bhaile iomchuí.
13. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa bhaile iomchuí.
14. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa bhaile iomchuí.
15. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa bhaile iomchuí leis an bplean teanga.

Aguisín C: Na príomhréimsí pleanála teanga

Cuimsíonn pleannana teanga réimsí éagsúla sa phobal, lena n-áirítéar:

- A. an córas oideachais (lena n-áirítéar seirbhísí luathoideachais);
- B. seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítéar seirbhísí tacaíochta teanga;
- C. seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
- D. deiseanna foghlama taobh amuigh den chóras oideachais;
- E. an earnáil ghnó;
- F. eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
- G. na meáin chumarsáide;
- H. seirbhísí poiblí;
- I. pleanáil agus forbairt fhisiceach;
- J. seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;
- K. úsáid na Gaeilge i measc an phobail, dearcadh an phobail ina leith agus a mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne leis an bplean teanga



An Clochán Liath: Baile Seirbhísé Gaeltachta

Seoladh | Launch

16/09/2019

Cad is Baile Seirbhísé Gaeltachta ann?

What is a Gaeltacht Services Town?



An Clochán Liath:
Baile Seirbhísé Gaeltachta

Cuireann An Clochán Liath cuid mhór seirbhísí ar fáil do mhuinntir na Gaeltachta, dóibh siúd ón bhaile féin agus sna ceantair máguaird. Mar gheall air seo, tá próiseas pleanála teanga ar bun mar Bhaile Seirbhísé Gaeltachta sa bhaile le cur le lón na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge.

Dungloe provides many services to the Gaeltacht community, to both those who live in the town and the surrounding areas. Due to this, a language planning process as a Gaeltacht Services Town is now taking place to add to the services that are available through Irish.

Cad is pleanáil teanga ann?

What is language planning



An Clochán Liath:
Baile Seirbhísé Gaeltachta

Is próiseas é an pleanáil teanga a bhfuil sé mar aidhm aige tionchar a imirt ar nósanna teanga an phobail.

Cad is Baile Seirbhísé Gaeltachta ann?

Is áit é Baile Seirbhísé Gaeltachta le breis agus 1,000 duine de dhaonra atá suite istigh nó in aice le Limistéar Pleanála Teanga.

Cad é an próiseas pleanála teanga?

Aontaítear pleananna teanga leis an phobal le freastal ar riachtanais an phobail agus le cur leis na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge.

Language planning is a process with the aim of influencing the community's language habits.

What is a Gaeltacht Services Town?

A Gaeltacht Services Town is somewhere with a population of over 1,000 which is in or adjacent to Gaeltacht Planning Areas.

What is the language planning process?

Language plans are agreed with the community so that they meet its needs and add to the services that are provided through Irish.

Taighde

Research



An Clochán Liath:
Baile Seirbhise Gaeltachta

Kantar Millward Brown / Conradh na Gaeilge Survey

- 47% of people agree and 26% of people disagree that, all other factors being equal, nearly half believe being competent in the Irish language is an added advantage when seeking employment.
- In the south, 53% of people agree and 22% disagree that the Irish language can make a positive contribution to the economic development of this Ireland. In the north, the figures are 46% who agree and 27% who disagree.
- In the south, 41% agree that they would opt to buy a product with bilingual packaging in Irish and English over a product with English only packaging. In the north, 28% agree and 45% disagree.
- 63% of people agree and 10% disagree that bilingual labelling in both English and Irish should be encouraged in this country.
- In the south, 61% agree and 15% disagree that the Irish language is a unique resource that can have a positive impact on the development of tourism on this island.
- In the south, 42% agree and 28% disagree that the use of Irish by businesses provides a unique selling point. In the north, 37% agree and 32% disagree.

Taighde

Research



An Clochán Liath:
Baile Seirbhise Gaeltachta

- The Irish Language is worth in excess of € 136million in Galway City and County – The economic benefits associated with the Irish language which accrue to Galway City and to the Galway Gaeltacht. [By: Bane Mullarkey Ltd. in partnership with Jerome Casey & Co. Ltd]
- Using the language harnesses goodwill at low cost – most Irish people are very sympathetic towards the language, and have a desire to speak and understand it
- It attracts new customers, especially among Irish speakers and learners – Galway city holds a unique Irish-speaking customer base, many of whom will choose a company that uses Irish over one that does not
- It can show breadth of vision – advertising in Irish shows a broad recognition for not only differences of language but differences of culture and background too
- Using the language can create a distinctive image and signal a commitment to quality and excellence
- Irish can help a company's authentic Irish image, and Irish ownership
- It attracts tourists – visitors want to experience a place that feels, looks and sounds different

Ár mbranda

Our brand



An Clochán Liath:
Baile Seirbhise Gaeltachta



PET LAMB DESIGN
Graphic design with heart



Concentric circles (infinity) > longevity of the language > part of our identity > each individual fingerprint is unique

Suíomh Greasáin

Website



An Clochán Liath:
Baile Seirbhise Gaeltachta

Bunachar Gnó

Business Directory



An Clochán Liath:
Baile Seirbhise Gaeltachta

Na Meáin Shóisialta

Social Media



An Clochán Liath:
Baile Seirbhise Gaeltachta

Facebook

Twitter

Instagram

Facebook: @bsganclochanliath
Twitter: @bsgac1
Instagram: @bsganclochanliath

Cad é a
tharlaíonn
anois?

What
happens
now?



An Clochán Liath:
Baile Seirbhise Gaeltachta

- Ceardlanna
- Comhrá
- Comhairliúchán
- Bí i dteaghmáil linn!

- Workshops
- Conversation
- Consultation
- Get in touch!

Síorgh suas don
nuachtlitir!

[Sign up for the
newsletter!](#)

Sonraí
Teagmhála

Contact
Details



An Clochán Liath:
Baile Seirbhise Gaeltachta

- 0044 2830 898 242
- 0749522198

- bsganclochanliath@gmail.com

- www.bsganclochanliath.com



An Clochán Liath:
Baile Seirbhise Gaeltachta

Gnó Agus Gaeilge Business And The Irish Language 13/01/2019

Intreoir | Introduction

Cinnteacht

- Ursula Ní Shabhaois, Stiúrthóir
- Comhairleoir Pleanála Teanga le BSG An Clochán Liath

Cinnteacht

- Ursula Ní Shabhaois, Director
- Language Planning Consultant for BSG An Clochán Liath

BSG An Clochán Liath

- Tá BSG An Clochán Liath freagrach as pleann teanga a chur le chéile don Chlochán Liath mar Bhaile Seirbhise Gaeltachta faoi hAcht na Gaeltachta 2012.

BSG An Clochán Liath

- BSG An Clochán Liath is the committee appointed to draft a language plan for Dungloe as a Gaeltacht Services Town under the Gaeltacht Act 2012.

Cad is pleanáil teanga ann? | What is language planning?

Cad is pleanáil teanga ann?

- Is próiseas é an pleanáil teanga a bhfuil sé mar aidhm aige tionchar a imirt ar nósanna teanga an phobail.

Cad is Baile Seirbhise Gaeltachta ann?

- Is áit í Baile Seirbhise Gaeltachta le breis agus 1,000 duine de dhaonra atá suite **istigh** nó in aice le Limistéar Pleanála Teanga.

Cad é an próiseas pleanála teanga?

- Aontaítear pleannanna teanga leis an phobal le freastal ar riachtnais an phobail agus le cur leis na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge.

What is Language Planning?

- Language planning is a process with the aim of influencing the community's language habits.

What is a Gaeltacht Services Town?

- A Gaeltacht Services Town is somewhere with a population of over 1,000 which is **in** or adjacent to Gaeltacht Planning Areas.

What is the language planning process?

- Language plans are agreed with the community so that they meet its needs and add to the services that are provided through Irish.

Taighde | Research: Kantar Millward Brown / Conradh na Gaeilge

- Aontaíonn 47% de dhaoine agus easaontaíonn 26% gur buntáiste breise í (agus gach rud eile cothrom) an Ghaeilge agus duine ar lorg fostáiochta
- Ó dhes, aontaíonn 53% de dhaoine agus easaontaíonn 22% gur féidir leis an Ghaeilge cur go dearfach le forbairt eacnamaíochta na hÉireann. Ó thuaidh, is iad na figiúirí ná 46% a aontaíonn agus 27% a easaontaíonn leis seo.
- Ó dheas, aontaíonn 41% gurb fhéarr leo earra a cheannacht the pacáistíu dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla thar earra le Béarla amháin ar an phacáistíu. Ó thuaidh, aontaíonn 28% agus easaontaíonn 45%.
- 47% of people agree and 26% of people disagree that, all other factors being equal, nearly half believe being competent in the Irish language is an added advantage when seeking employment.
- In the south, 53% of people agree and 22% disagree that the Irish language can make a positive contribution to the economic development of this Ireland. In the north, the figures are 46% who agree and 27% who disagree.
- In the south, 41% agree that they would opt to buy a product with bilingual packaging in Irish and English over a product with English only packaging. In the north, 28% agree and 45% disagree.

Taighde | Research: Kantar Millward Brown / Conradh na Gaeilge

- Aontaíonn 63% de dhaoine agus easaontaíonn 10% gur chóir lipéadú dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla a spreagadh sa tir seo.
- Ó dheas, aontaíonn, 61% agus easaontaíonn 15% gur acmhainn uathúil í an Ghaeilge a chuireann go dearfach le forbairt turasóireacht ar an oiléan seo.
- Ó dheas, aontaíonn 42% agus easaontaíonn 28% gur gnéithe uathúil díolachán í an Ghaeilge. Ó thuaidh, aontaíonn 37% agus easaontaíonn 32%.
- 63% of people agree and 10% disagree that bilingual labelling in both English and Irish should be encouraged in this country.
- In the south, 61% agree and 15% disagree that the Irish language is a unique resource that can have a positive impact on the development of tourism on this island.
- In the south, 42% agree and 28% disagree that the use of Irish by businesses provides a unique selling point. In the north, 37% agree and 32% disagree.

An Ghaeilge agus Gnó | Irish Language and Business

- Is fiú breis agus €136million í an Ghaeilge do Chathair agus Chontae na Gaillimhe - [By: Bane Mullarkey Ltd. in partnership with Jerome Casey & Co. Ltd]
- Cothaíonn úsáid na Gaeilge dea-thoil gan mórán costais – tá an chuid is mó de mhuintir na hÉireann an-bháúil don Ghaeilge agus tá fonn orthu í a úsáid agus a thuigbheáil.
- Meallan an teanga custaiméirí úra, go hairithe i measc cainteoirí agus foghlaimeoirí – tá bunús custaiméara ar leith i nGaillimh, cuid mhór acu a roghnóidh comhlacht a bhaineann úsáid as an Ghaeilge thar ceann nach ndéanfaidh sin.
- The Irish Language is worth in excess of €136million in Galway City and County – [By: Bane Mullarkey Ltd. in partnership with Jerome Casey & Co. Ltd]
- Using the language harnesses goodwill at low cost – most Irish people are very sympathetic towards the language, and have a desire to speak and understand it
- It attracts new customers, especially among Irish speakers and learners – Galway city holds a unique Irish-speaking customer base, many of whom will choose a company that uses Irish over one that does not

An Ghaeilge agus Gnó | Irish Language and Business

- Léiríonn úsáid na teanga fíos níos leithne – ní amháin go léiríonn fógraíocht as Gaeilge aitheantas d'eagsúlacht teanga ach do dhifríochtaí cultúrtha agus cúlra fostá
- Cruthaíonn úsáid na teanga íomhá ar leith agus comhartha ar choimínt do chaighdeán arda
- Cuidionn an Ghaeilge le íomhá Éireannach agus úinéireacht Éireannach
- Meallann an Ghaeilge turasóirí – ba mhaith le cuairteoirí eispéireas a bhfuil cuma agus fuaim difriúil air
- It can show breadth of vision – advertising in Irish shows a broad recognition for not only differences of language but differences of culture and background too
- Using the language can create a distinctive image and signal a commitment to quality and excellence
- Irish can help a company's authentic Irish image, and Irish ownership
- It attracts tourists – visitors want to experience a place that looks and sounds different

Céimeanna Praiticiúla | Practical Steps

- Comharthaíocht taobh amuigh agus taobh istigh (maoiniú ar fáil)
- Suaitheantas nó comharthaíocht ag fostáí le Gaeilge
- Iniúchadh fairne ar scileanna teanga
- Beannachaí srl ar an ghuthán / ar rphoist
- Margaocht agus poiblíocht
- Cláraigh ar Eolaire PEIG.ie (Poiblíocht don ghnóthai le seirbhísí ar fáil as Gaeilge) <https://eolaire.peig.ie/>
- Internal and external signage
(funding available)
- Badges or signs for staff with Irish
- Staff audit of language skills
- Greetings srl. on the phone / in email
- Marketing and publicity
- Register on the PEIG.ie Directory
(Publicity for businesses providing services through Irish) <https://eolaire.peig.ie/>

Tacaíocht Ar Fáil | Available Support

- **Údarás na Gaeltachta**
 - Tacaíocht do fhionntraíochtaí i gceantair Ghaeltachta
 - <http://www.udaras.ie/forbairt-fiontraiochta/tairiscint-an-udarais>
- **Foras na Gaeilge**
 - Maoiniú do chomharthaíocht, phacáistíocht, shuíomhanna gréasáin agus d'ábhar margaochta clóite
 - <https://www.forasnagaeilge.ie/sceimeanna-maoinithe/>
- **Údarás na Gaeltachta**
 - Support for businesses in Gaeltacht areas
 - <http://www.udaras.ie/forbairt-fiontraiochta/tairiscint-an-udarais>
- **Foras na Gaeilge**
 - Funding for signage, packaging, websites and printed marketing materials
 - <https://www.forasnagaeilge.ie/sceimeanna-maoinithe/>

Tacaíocht Ar Fáil | Available Support

- **Údarás na Gaeltachta:** <http://www.udaras.ie/forbairt-fiontraiochta/tairiscint-an-tacailc/>



The image shows two side-by-side screenshots of the Údarás na Gaeltachta website. Both screenshots feature a dark blue header with the logo and navigation links: 'Údarás na Gaeltachta', 'Oileán Teangeolaíoch', 'Nuacht & Na Meáin', 'Aiméil do gheist', 'Gaeilge', and 'English'. Below the header, there are two main sections: 'Tacaíocht do Ghnothail' and 'Support for Businesses'. Each section contains a brief description, a small image, and a link to more information.

Tacaíocht do Ghnothail:
Is Meán ar Ghnothail na Gaeltachta níos díreacha agus is lúthach a thiompa do ghnothail agus da shluasadh i mbainistiú agus ríomhaireacht chun ghní a fhágáil. Is Pobair, a h�ithig ag aonraí | Léarsaí Gaeilge. "Tá sé roideadh ghd fhorbairt agus coimisiúnachas na Ghnothail a dhéanamh i Ghaeltacht." Tá sé roideadh ghd fhorbairt agus coimisiúnachas na Ghnothail a dhéanamh i Ghaeltacht.

Support for Businesses:
Údarás na Gaeltachta can offer supporting businesses and companies from various sectors a range of opportunities and supports to start up, develop, expand or relocate in a Gaeltacht region. Hundreds of companies have established businesses in the Gaeltacht with our help.
Whether you may be thinking of expanding your business into a new area or accessing new markets, developing a new product, or diversifying in a new direction, Údarás na Gaeltachta may be able to assist you.

Plean Teanga An Chlochán Liath | Dungloe Language Plan

- Beidh dhá phlean teanga i bhfeidhm sa cheantar seo - ceann amháin do cheantar na Rossan agus ceann ar leith do bhaile An Chlochán Liath
- Cad é a spreagfá le tuilleadh leas a bhaint as an Ghaeilge i do ghnó?
- Cad iad na constaicí is mó le tuilleadh Gaeleg a úsáid?
- Cén cineál tacaíochta atá uait?
- There will be two language plans being implemented in this area – one for the Rosses area and another to Dungloe town.
- What would encourage you to use more Irish in your business?
- What are the biggest obstacles to using more Irish?
- What sort of support would you like to see?

Teaghmáil | Contact

Tuilleadh Eolais | More Information

Rhost | Email:

■ bsganclochanliath@gmail.com

Facebook:

■ [@bsganclochanliath](https://www.facebook.com/bsganclochanliath)

Twitter:

■ [@bsgacl](https://twitter.com/@bsgacl)

BSG An Chlochán Liath:

■ www.bsganclochanliath.com

PEIG.ie

■ www.peig.ie/taighde

Údarás na Gaeltachta

■ <http://www.udaras.ie>

Foras na Gaeilge

■ www.forasnagaeilge.ie